# Tuarascáil faoi Phleanáil agus Seachadadh Infheistíochta **2024**



EirGrid ESB NETWORKS

# Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| 1. | Réamhrá | 4 |
| 2. | Forbairt Bhonneagair & Buaicphointí Seachadta 2024 | 9 |
| 3. | Caiteachas Caipitil | 19 |
| 4. | An Phunann Seachadta Gréasáin | 22 |
| 5. | An Próiseas Sé Chéim Forbartha Eangaí: Céim 1 | 28 |
| 6. | An Próiseas Sé Chéim Forbartha Eangaí: Céim 2 | 33 |
| 7. | An Próiseas Sé Chéim Forbartha Eangaí: Céim 3 | 36 |
| 8. | An Próiseas Sé Chéim Forbartha Eangaí: Céim 4 | 43 |
| 9. | An Próiseas Sé Chéim Forbartha Eangaí: Céim 5 | 47 |
| 10. | An Próiseas Sé Chéim Forbartha Eangaí: Céim6 | 51 |
| 11. | Beartú Tosaíochta agus Seachadadh | 58 |
| 12. | Oiriúnú don Athrú Aeráide | 63 |
| 13. | Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara agus Leas an Phobail | 66 |
| 14. | Aicrainmneacha | 74 |

## Róil OCT & ÚST

Tá róil agus freagrachtaí ag EirGrid agus Líonraí BSL atá sainmhínithe go soiléir i dtaca leis an ngréasán tarchuir, mar a leagtar amach i gComhaontú Bonneagair.

Tá EirGrid, ina ról mar Oibritheoir Córais Tarchurtha (OCT), freagrach as cothabháil agus forbairt a oibriú agus a chinntiú maidir le córas tarchuir leictreachais atá sábháilte, slán agus iontaofa, anois agus amach anseo. Chun é sin a bhaint amach, leanann EirGrid ar aghaidh ag forbairt, ag bainistiú agus ag oibriú na heangaí tarchurtha leictreachais. Le déanaí, tá EirGrid faoi shainordú eangach amach ón gcósta na hÉireann a oibriú, a fhorbairt, agus a ghlacadh ina sheilbh.

Is é BSL Úinéir na Sócmhainne Tarchurtha (ÚST) agus déanann a aonad gnó Líonraí BSL na feidhmeanna ceadúnaithe ÚST ar talamh. Tá Líonraí BSL freagrach as dearadh mionsonraithe, tógáil agus cothabháil an ghréasáin tarchuir ar talamh a sheachadadh, de réir mar a shainaithníonn EirGrid iad.

Oibrímid go dlúth lena chéile le cinntiú go gcuirtear gach céim in oibriú, i bhforbairt agus i dtógáil bonneagair eangaí i gcrích ar an mbealach is sábháilte, is sláine, is éifeachtúla agus is cost-éifeachtúla agus is féidir.

# 1. Réamhrá

## Cuirtear léargas ginearálta ar fáil do pháirtithe leasmhara sa Tuarascáil faoi Phleanáil agus Seachadadh Infheistíochta faoi dhul chun cinn bliantúil EirGrid agus Líonraí BSL maidir le forbairt agus seachadadh bonneagair ar fud phunann na dtionscadal tarchuir.

Tá na cuspóirí straitéiseacha céanna ag EirGrid agus Líonraí BSL agus atá ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) don tréimhse PR5 (2021-2025) agus leanann EirGrid agus Líonraí BSL ar aghaidh lenár bpleananna bonneagair tarchuir chun na huaillmhianta seo a leanas a bhaint amach:

- Todhchaí sábháilte ísealcharbóin a éascú;
- Daingneacht an tsoláthair áitiúil a réiteach;
- Éifeachtúlacht a mhéadú agus custaiméirí a chosaint.

Sa Tuarascáil seo faoi Phleanáil agus Seachadadh Infheistíochta (PSI) 2024:

- Cuirfear léargas ginearálta ar fáil do pháirtithe leasmhara faoi Phunann Seachadta Gréasáin (NDP) an tarchuir neamhshrianta ag deireadh na bliana féilire 2024, an ceathrú bliain de thréimhse Athbhreithnithe Praghais a Cúig (PR5); agus
- Comhairle a thabhairt do pháirtithe leasmhara maidir le dul chun cinn fhorbairt agus sheachadadh an bhonneagair eangaí i dtaca lena rabhthas ag súil.

Áirítear sa tuarascáil PSI 2024 léargas ginearálta ar na buaicphointí forbartha bonneagair agus na sochair a seachadadh in 2024 (Cuid 2), agus an dul chun cinn a rinneadh i ngach ceann de na sé chéim i dtaca le blianta roimhe seo agus maidir lena rabhthas ag súil go seachadadh (Codanna 5-10). Tá faisnéis sa tuarascáil faoi conas a chuirimid tionscadail in ord tosaíochta (Cuid 11), faoi ghníomhaíochtaí Oiriúnaithe mar gheall ar an Athrú Aeráide (Cuid 12) agus léargas ginearálta ar ghníomhaíochtaí rannpháirteachais na bpáirtithe leasmhara (Cuid 13).

Tá an tuarascáil seo ina cuid de cheanglais feabhsaithe tuairiscithe agus monatóireachta PR5 mar a leagtar amach in CRU/20/154. Molaimid go léitear í in éineacht lenár dTuarascáil Bhliantúil faoi Fheidhmíocht Tarchuir Leictreachais 2024, ina bhfuil léargas ginearálta maidir le conas a oibríodh agus a forbraíodh an córas tarchuir agus conas a rinne EirGrid agus Líonraí BSL cothabháil air le linn 2024. Táimid ag tnúth go mór le dul i mbun tuilleadh rannpháirteachais lenár bpáirtithe leasmhara agus muid ag leanúint ar aghaidh lenár gcuspóirí uaillmhianta 2030 a bhaint amach.

## 1.1 Straitéis maidir le Pleanáil agus Seachadadh na hEangaí


Tá Straitéis Ghrúpa EirGrid[1] múnlaithe ag an athrú aeráide agus ag an ngá le haistriú sábháilte, iontaofa agus inbhuanaithe na hearnála leictreachais go fuinneamh in-athnuaite, ísealcharbóin. Leis an tionscnamh Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú (TLM)[2] glactar le cur chuige uilechórasach agus cuirtear forbairt ghréasáin tarchuir, rannpháirteachas an phobail agus na bpáirtithe leasmhara, éabhlóid oibríochtaí an chórais, agus dreasú cuí na margaí leictreachais san áireamh. Le Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú (TLM) nuashonraithe, Leagan 1.1[3] cuimsítear na hathruithe ar bheartas leictreachais a leagtar amach i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 de chuid an Rialtais[4]. Trí chur leis an dul chun cinn a leagtar amach i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024, cuirtear béim níos láidre i bPlean 2025[5] ar sheachadadh agus ar thorthaí intomhaiste. Go háirithe, tháinig laghdú 17% ar astaíochtaí na hearnála leictreachais go luath in 2024, agus soláthraítear beagnach 40% den éileamh náisiúnta trí fhuinneamh gaoithe. Leanann EirGrid ar aghaidh le ról lárnach a imirt chun an t-aistriú sin a éascú trí fhorbairt straitéiseach na heangaí, comhcheangal in-athnuaite, agus tacaíocht do mhicrighiniúint phobail – nithe a chuireann go díreach le spriocanna aeráide agus fuinnimh na hÉireann a bhaint amach.

In Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú (TLM) nuashonraithe, Leagan 1.1, leagtar bealach amach freisin maidir le córas leictreachais a bheidh in ann 80% den éileamh ar leictreachais a sholáthar trí fhuinneamh in-athnuaite faoi 2030. Tacaítear leis sin le Treochlár Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú Leagan 1.1[6], ina dtugtar mionsonraí ar an bplean dinimiciúil chun na spriocanna sin a bhaint amach, agus a léiríonn an fhaisnéis is fearr atá ar fáil, lena n-áirítear athruithe ar bheartas aeráide agus fuinnimh, agus tuarascálacha ar dhul chun cinn i gcoinne gníomhartha ar leith laistigh den treochlár. Tá ár gcur chuige i leith fhorbairt na heangaí, ina bhfuil sé chéim, lárnach do straitéis EirGrid maidir le seachadadh bonneagair.

1 https://cms.eirgrid.ie/sites/default/files/publications/EirGrid-Group-Strategy-2025.pdf
2 https://cms.eirgrid.ie/sites/default/files/publications/Shaping_Our_Electricity_Future_Roadmap.pdf
3 https://cms.eirgrid.ie/sites/default/files/publications/Shaping-Our-Electricity-Future-Roadmap_Version-1.1.pdf
4 https://www.gov.ie/ga/an-roinn-aeráide-fuinnimh-agus-comhshaoil/foilseachain/an-plean-gníomhaithe-ar-son-na-haeráide-2024/
5 https://www.gov.ie/ga/an-roinn-aeráide-fuinnimh-agus-comhshaoil/foilseachain/climate-action-plan-2025-1/
6 https://cms.eirgrid.ie/sites/default/files/publications/Shaping-Our-Electricity-Future-Roadmap_Version-1.1_07.23.pdf

Sa chreat seo leagtar amach conas is féidir leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara tionchar a imirt ar na cinntí a dhéanann EirGrid maidir le tionscadail forbartha eangaí. Is creat sofhreagrúil agus solúbtha é ina n-áirítear tionscadail bhonneagair tarchuir agus cláir de chineálacha agus scálaí éagsúla. Tugtar tionscadail isteach sa chreat chomh luath is atá siad sách forbartha, ach cuirtear an gá infheidhme atá leis an tionscadal agus tiománaí an tionscadail san áireamh ag an am céanna.

Cuireann an creat pointí struchtúrtha rialachais ar fáil ar fud an phróisis, ar a dtugtar Tairseacha. Tá Tairseach ag baint le gach Céim, agus feidhmíonn sí mar sheicphointe rialachais foirmeálta. Is gnách go dtagtar na Tairseacha ag deireadh Céime agus tugann siad cead an tionscadal a thabhairt ar aghaidh chuig an gcéad Chéim eile ina dhiaidh sin. Is eisceacht iad Céim 5 – ina dtagann an Tairseach roimh thosú ar an bpróiseas pleanála reachtúla, agus Céim 6 – ina dtagann an Tairseach roimh an gComhaontú Tionscadail.




*Fíor 1: Creat Sé Chéim EirGrid maidir le Forbairt na hEangaí*

Tá an creat solúbtha agus cuireann sé ar chumas fhoirne EirGrid agus Líonraí BSL céimeanna agus gníomhaíochtaí a thabhairt le chéile ar bhealach cuí chun bonneagar tarchuir a sheachadadh ar bhealach tráthúil, de réir dea-chleachtais agus ceanglais chomhshaoil, shóisialta, rialála agus theicniúla.

Is creat sofhreagrúil agus solúbtha é de réir mar atá riachtanach le haghaidh tionscadail bhonneagair tarchuir agus cláir de chineálacha agus scálaí éagsúla. Tugtar tionscadail isteach sa chreat chomh luath is atá siad sách forbartha, ach cuirtear an gá infheidhme atá leis an tionscadal agus tiománaí an tionscadail san áireamh ag an am céanna. Tugtar tionscadail faoi thionchar custaiméirí (m.sh. tionscadail ghiniúna in-athnuaite) isteach sa chreat ag Céim 3 toisc go bhforbraítear iad ar dtús trí phróiseas chomhaontú ceangail an chustaiméara. Ó thaobh EirGrid de, téann na tionscadail sin ar aghaidh go díreach ó Chéim 3 go Céim 6, toisc go mbainistíonn an Custaiméir na gníomhaíochtaí a dhéantar de ghnáth i gCéim 4 agus Céim 5, agus bíonn EirGrid agus Líonraí BSL i ról tacaíochta amháin. Maidir le tionscadail tarchuir incháilithe áirithe, uaireanta déanann EirGrid agus Líonraí BSL céimeanna an chreata forbartha eangaí a thabhairt le chéile agus a choimriú d'fhonn seachadadh níos tapa an tionscadail a éascú, mar a phléitear i gCuid 7.1.2.

Tugtar breac-chuntas ar thuilleadh faisnéise faoi na gníomhaíochtaí ag gach céim, chomh maith le dul chun cinn na dtionscadal le linn 2024 ag gach céim den Chreat Forbartha Eangaí, i gCuid 5 den tuarascáil seo.

**80%**


den éileamh leictreachais ó fhuinneamh in-athnuaite faoi 2030

# 2. Forbairt Bhonneagair & Buaicphointí Seachadta 2024

## Bainistíonn EirGrid clár casta tionscadal caipitil tarchuir ag céimeanna éagsúla forbartha.

Tá Líonraí BSL freagrach as seachadadh na dtionscadal sin a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil agus sábháilte, lena n-áirítear gnéithe ar nós soláthair agus tógála. Déantar tionscadail a phleanáil agus a sheachadadh i gcomhréir leis na riachtanais a shainaithníonn EirGrid agus na cláir oibre a comhaontaíodh. Is príomhcheanglas é feidhmiú céimneach an ghréasáin leictreachais nuashonraithe chun spriocanna uaillmhianta Phlean Ghníomhaithe ar son na hAeráide 2024[7] a bhaint amach agus chun córas tarchuir sábháilte agus seasmhach a chothabháil.

Anseo thíos tugtar achoimre ar Bhuaicphointí na Forbartha Bonneagair Tarchuir agus an tSeachadta in 2024.




*Fíor 2: Buaicphointí na Forbartha Tarchuir in 2024*

7 https://www.gov.ie/ga/an-roinn-aeráide-fuinnimh-agus-comhshaoil/foilseachain/an-plean-gníomhaithe-ar-son-na-haeráide-2024/

In 2024, rinne EirGrid agus Líonraí BSL dul chun cinn mór ó thaobh forbairt agus seachadadh tionscadal de ar fud sé chéim an Chreata Forbartha Eangaí (Fíor 2), le formheas caipitiúil faighte ag 57 tionscadal agus comhaontú tionscadail bainte amach ag 43 tionscadal lena ndeachaigh siad ar aghaidh chuig na céimeanna miondearaidh agus tógála. Coimeádadh leibhéil arda infheistíochta caipitil agus seachadta tionscadal i gcaitheamh 2024. Infheistíodh €221M san iomlán sa ghréasán tarchuir, rud a thacaigh le dul chun cinn leanúnach ar fud príomhthionscnaimh bhonneagair. Ina theannta sin, fuinnmhíodh 22 tionscadal, ar luach €258M, rud a léiríonn móiminteam leanúnach maidir le cur i gcrích agus seachadadh tionscadal.


Foilsíonn EirGrid tuarascáil ráithiúil faoin bpunann seachadta gréasáin dar teideal Network Delivery Portfolio (NDP)[8] ina dtugtar nuashonrú rialta stádais do pháirtithe leasmhara agus don tionscal maidir le dul chun cinn thart ar 380 tionscadal tríd an bpróiseas sé chéim i dtreo críche. Áirítear sonraí breise faoin NDP i gCuid 4 den tuarascáil seo.

8 https://www.eirgrid.ie/grid/grid-reports-and-planning/network-delivery-portfolio

## 2.1 Ceangail In-athnuaite agus Stóráil Fuinnimh Cadhnra

Tá sé ríthábhachtach tionscadail nua ghiniúna in-athnuaite a cheangal leis an ngréasán tarchuir agus a chur i gcrích chun spriocanna Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2030 a bhaint amach.

In 2024, thugamar tacar tionscadal éagsúil chun cinn maidir le Córais Stórála Fuinnimh Cadhnra (BESS) tríd an gCreat Sé Chéim. Éascaíonn teicneolaíochtaí BESS fuinneamh in-athnuaite ar an eangach trí thacú le soláthar cúltaisce córais, leorgacht giniúna, agus bainistiú plódaithe. Glacann an teicneolaíocht chadhnra an fuinneamh leictreach ag am amháin lena úsáid le linn amanna ardéilimh. Rud atá tábhachtach, cuireadh toilleadh suntasach leis an eangach i mbliana, agus tá sé i gceist toilleadh breise a chur léi le linn na mblianta amach romhainn (Fíor 3).




*Fíor 3: Buaicphointí na gCeangal In-athnuaite agus na Stórála Fuinnimh Cadhnra*

## Tionscadail In-athnuaite a Fuair Formheas Caipitil

Fuair 12 thionscadal in-athnuaite agus trí thionscadal Córais Stórála Fuinnimh Cadhnra (BESS) Formheas Caipitil agus chuaigh siad ar aghaidh trí Chéim 3. Is féidir teacht ar fhaisnéis bhreise faoi na tionscadail sin i gCuid 7. Táthar ag súil go mbeidh buntáistí suntasacha i gceist leis na tionscadail sin don eangach faoi 2030, lena n-áireofar:

- Thart ar 658 MW Giniúna Gaoithe
- Thart ar 711 MW Giniúna Gréine
- Thart ar 90 MW Córas Stórála Fuinnimh Cadhnra
- Thart ar 349 MW Giniúna ó Thionscadail T-4

## Tionscadail In-athnuaite a Fuair Comhaontú Tionscadail

In 2024 fuair 11 tionscadal in-athnuaite, lenar áiríodh dhá thionscadal a bhí ina meascán de Thionscadal Gréine/BESS, Comhaontú Tionscadail agus chuaigh siad ar aghaidh chuig an gcéim seachadta. Is féidir teacht ar fhaisnéis bhreise faoi na tionscadail sin i gCuid 10. Táthar ag súil go gcuirfidh na tionscadail an méid a leanas ar fáil:

- Thart ar 50 MW Giniúna Gaoithe
- Thart ar 932 MW Giniúna Gréine
- Thart ar 25 MW Córas Stórála Fuinnimh Cadhnra

## Tionscadail In-athnuaite Fhuinnmhithe

Cuireadh na ceathair thionscadal a leanas, dhá thionscadal Feirme Gaoithe agus dhá cheann Feirme Gréine chun críche agus ceanglaíodh iad leis an gcóras in 2024, le conarthaí chun níos mó ná 292 MW de ghiniúint in-athnuaite nua a sheachadadh:

- Cuirfidh Stáisiún 110 kV Dhoire na Buaile (Feirm Ghaoithe na Móna Báine) 60 MW de ghiniúint in-athnuaite bhreise ar fáil, agus cuirfidh Stáisiún 110 kV Bhaile na Cloiche – Feirm Ghaoithe Dhoire an Locha 105 MW de ghiniúint in-athnuaite bhreise ar fáil.
- Cuirfidh Stáisiún 110 kV Ráth na Sceallóg (Feirm Ghréine Ráth na Sceallóg) 95 MW de ghiniúint in-athnuaite bhreise ar fáil, agus cuirfidh Stáisiún Gréine Bhaile Harlóg (Síneadh Bhaile an Ghalóntaigh) 32 MW de ghiniúint in-athnuaite bhreise ar fáil.


Le linn 2024, cuireadh dhá thionscadal teicneolaíochta BESS i gcrích, arb ionann é sin agus 184 MW.

- Cuirfidh Áth Fhada BESS 02 159 MW de thoilleadh breise ar fáil.
- Cuirfidh Stáisiún 110 kV Choill Chomair (Céim Chadhnra 2 Chluain Críon) 25 MW de thoilleadh breise ar fáil.

## 2.2 An Clár Baile Átha Cliath a Chumhachtú

Sheol EirGrid an Clár “Baile Átha Cliath a Chumhachtú” i mí na Bealtaine 2022 lena gcuirtear bonneagar cáblaí faoin talamh nua in ionad an tseanbhonneagair agus lena ndéantar an bonneagar cáblaí faoin talamh a uasghrádú nuair atá a shaolré caite agus éascaíonn sé ceangail leictreachais in-athnuaite amach anseo, go háirithe maidir le giniúint amach ón gcósta. Cuideoidh an clár seo le daingneacht an tsoláthair a chinntiú i réigiún Bhaile Átha Cliath agus le feabhas a chur ar sheasmhacht fhoriomlán an chórais tarchuir.

Ó seoladh an Clár Baile Átha Cliath a Chumhachtú, tá máistirphlean an chláir críochnaithe agus tograí forbartha ag EirGrid maidir le cúig mhórthionscadal a bhaineann le príomhcháblaí ciorcaid nua a chur in ionad seancheann agus iad a uasghrádú. I ndiaidh comhairliúchán poiblí fairsing in 2023, dheimhnigh EirGrid an Rogha Bealaigh is Fearr Feidhmíocht (BPRO) i mí Eanáir 2024 le haghaidh trí cinn de na tionscadail a bhaineann le príomhcháblaí 220 kV ionaid: Carraig Mhaighin go dtí an Poll Beag, Fionnghlas go dtí an Port Thuaidh, agus an Port Thuaidh go dtí an Poll Beag.




*Fíor 4: Clár Bhaile Átha Cliath - Na Roghanna Éiritheacha is Fearr Feidhmíocht*

Le linn 2024 forbraíodh an ciorcad ó Fhionnghlas go dtí an Port Thuaidh go dtí go ndearna EirGrid Comhaontú Tionscadail le Líonraí BSL a dhéanfaidh an ciorcad a phleanáil, a thógáil agus a fhuinnmhiú faoi 2030. Tá codanna sna bealaí ó Charraig Mhaighin go dtí an Poll Beag agus ón bPort Thuaidh go dtí an Poll Beag a thrasnaíonn Cuan Bhaile Átha Cliath agus, dá bhrí sin, atá faoi réir próisis toilithe mara agus ar talamh. Tá an t-am is gá chun an formheas toilithe riachtanach a fháil i bhfad níos faide ná i gcás na mbealaí ciorcaid atá suite go hiomlán ar talamh.

Tá dul chun cinn maith déanta maidir le sainaithint an BPRO le haghaidh an dá chábla atá fágtha idir Inse Chór agus an Poll Beag toisc gur faomhadh an rogha bealaigh, cineál an chábla agus réiteach suiteála na teicneolaíochta i mí an Mheithimh 2025. Maidir le tionscadal Fhostáisiún 220 kV an Phoill Bhig, fuarthas toiliú pleanála i mí na Samhna 2023; forbraíodh an tionscadal a thuilleadh go dtí go ndearnadh Comhaontú Tionscadail le Líonraí BSL i mí na Nollag 2024, agus an fuinnmhiú tosaigh pleanáilte do dheireadh 2028. Tugadh toiliú pleanála maidir le tionscadal Fhostáisiún 220 kV Belcamp i mí Dheireadh Fómhair 2023. Forbraíodh an tionscadal a thuilleadh i gcaitheamh 2024, agus tá gach gné den Chomhaontú Tionscadail idir EirGrid agus Líonraí BSL tugtha chun críche. Tá an fuinnmhiú tosaigh pleanáilte do mhí na Nollag 2028.

Seachadfaidh tionscadal Bulcphointe Soláthair Lárnach Bhaile Átha Cliath fostáisiún 220 kV nua lena gceanglófar an gréasán tarchuir leis an ngréasán dáileacháin i gceantar an Phoirt Thoir i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath. Fuarthas Formheas Caipitil EirGrid i mí Mheán Fómhair 2024, agus táthar ag súil go gcuirfear iarratas pleanála isteach in 2025.

Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le dhá thionscadal treisithe eangaí, Fine Gall – an Mhí Thoir agus Cill Dara – Baile Átha Cliath, atá suite i mórcheantar Bhaile Átha Cliath, le linn 2024. Is tionscadail thábhachtacha iad sin lenar féidir fostáisiúin eangaí nua a cheangal le ciorcaid cheangail ar a bhfuil voltais ó 110 kV suas go 400 kV. Tá níos mó dul chun cinn déanta maidir le Fine Gall – an Mhí Thoir agus fuair an bealach sin Formheas Caipitil i mí na Nollag 2024, agus táthar ag súil go mbainfidh Cill Dara – Baile Átha Cliath an pointe céanna amach faoi mhí Lúnasa 2025.

Agus iad críochnaithe, cuirfidh na tionscadail seo toilleadh ar fáil chun freastal ar an éileamh, atá ag fás mar gheall ar fhorbairt réadmhaoine cónaithe agus tráchtála agus ar leictriú téimh agus iompair ar fud mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Is féidir tuilleadh faisnéise faoin gClár a fháil ar Shuíomh Gréasáin EirGrid[9].

9 https://www.eirgrid.ie/dublin

## 2.3 Daingneacht an tSoláthair

Lean daingneacht an tsoláthair de bheith ina réimse tábhachtach béime le haghaidh EirGrid in 2024 agus bhí roinnt sruthanna oibre i bhfeidhm ar fud an chomhlachta. Áirítear leis sin forbairt agus cur i bhfeidhm bearta oibríochta, tús áite a thabhairt do sheachadadh bonneagair áirithe agus nuálaíochtaí margaidh d'fhonn réitigh a chur chun cinn maidir le daingneacht an tsoláthair

Chuir CRU de chúram ar EirGrid gnéithe de Chlár Gníomhartha CRU maidir le Daingneacht an tSoláthair, mar a leagtar amach in CRU21115, a sheachadadh[10]. Ina theannta sin, le Dreasacht OCT PR5 de chuid CRU maidir le Daingneacht an tSoláthair Áitiúil, mar a leagtar amach in CRU/20/154[11], tá EirGrid faoi oibleagáid pleananna sonracha maidir le Daingneacht an tSoláthair Áitiúil a fhorbairt le haghaidh mhórcheantar Bhaile Átha Cliath don tréimhse PR5.

Is féidir teacht ar thuilleadh faisnéise faoi fheidhmíocht táirgeachta na dreasachta maidir le Daingneacht an tSoláthair Áitiúil 2024 sa Tuarascáil Bhliantúil faoin bhFeidhmíocht Leictreachais 2024. D'fhoilsigh CRU a nuashonrú is déanaí faoin gClár Oibre maidir le Daingneacht an tSoláthair leictreachais i mí Aibreáin 2024[12].

## 2.4 Idirnascaire Greenlink

I mí na Nollag 2024, fuinnmhíodh Stáisiún 220 kV Bhaile an Locha, lenar ceanglaíodh Idirnascaire 504 MW Greenlink leis an eangach leictreachais i gContae Loch Garman. Tháinig an t-idirnascaire nua i bhfeidhm tráchtála i mí Eanáir 2025. Is tionscadal straitéiseach mór é sin, a nascann córais leictreachais na hÉireann agus na Breataine Móire trí chábla fomhuirí agus is é an tríú hidirnascaire é a cuireadh i gcrích idir Éire agus an Ríocht Aontaithe. Cuireann an t-idirnascaire toilleadh 500 MW ar fáil, lena méadaítear ar sheasmhacht agus éifeachtúlacht eangach tarchuir na hÉireann.

## 2.5 Ceangail Éilimh agus Ionaid Sonraí

Le linn 2024, fuinnmhíodh agus/nó críochnaíodh dhá thionscadal a éascaíonn ceangail éilimh, arb ionann sin agus 48 MVA san iomlán. Is iad sin:

- Críochnaíodh Tionscadal Bhaile Átha Cliath Thiar i mí na Nollag 2024, agus rinneadh na ceangail deiridh ó fhostáisiún 110/220 kV Castlebagot go dtí na fostáisiúin 110 kV Kilmahud, Chorcaí agus na Bearnan Coill, lena méadaíodh ar thoilleadh ceangail a gcustaiméirí.
- Fuinnmhíodh stáisiún 110 kV na Ciseoige i mí na Nollag agus is stáisiún GIS nua é a cheanglaíonn le ciorcad 110 kV Bhaile Áinséir – Castlebagot trí dhá chiorcad de chábLaí faoin talamh.

10 https://cruie-live-96ca64acab2247eca8a850a7e54b-5b34f62.divio-media.com/documents/CRU21115-Security-of-Electricity-Supply--Programme-of-Actions.pdf
11 https://cruie-live-96ca64acab2247eca8a850a7e54b-5b34f62.divio-media.com/documents/CRU20154-PR5-Regulatory-Framework-Incentives-and-Reporting-1.pdf
12 CRU_Electricity_Security_of_Supply_Programme_of_Work_Update_April_2024_.pdf

## 2.6 Teicneolaíocht Nua

Rinneadh dul chun cinn in 2024 maidir le roinnt tionscadail tarchuir de chuid EirGrid agus Líonraí BSL ina n-úsáidtear teicneolaíochtaí nua, agus dul chun cinn mór déanta maidir le cur i bhfeidhm agus breithniú réitigh theicneolaíochta nua gan sreang.

Trí theicneolaíocht nua a thabhairt isteach san eangach leictreachais, amhail Rátáil Líne Dinimiciúla (DLR), Rialaitheoirí Sreafa Cumhachta (PFC), Cúititheoir Sioncronach Statach (STATCOM), agus Brath Teochta Dáilte (DTS) cuirtear tairbhí suntasacha ar fáil don eangach leictreachais in Éirinn agus cuireann siad le todhchaí fuinnimh a bheidh níos seasmhaí agus níos inbhuanaithe. Feabhsóidh siad éifeachtúlacht, iontaofacht, agus cobhsaíocht an chórais cumhachta. Leis na teicneolaíochtaí sin úsáidtear an bonneagar reatha ar bhealach níos fearr, éascaítear comhtháthú níos mó foinsí fuinnimh in-athnuaite, agus cinntítear go soláthraítear cumhacht ar bhealach níos seasmhaí fiú nuair is mó éileamh atá uirthi.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag EirGrid maidir le cur i bhfeidhm agus breithniú réiteach gan sreang le blianta beaga anuas. In anailís ghréasáin EirGrid, a rinneadh mar chuid den Treochlár Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú (TLM) Leagan 1.0[13] agus Leagan 1.1, agus a foilsíodh i mí na Samhna 2021 agus mí Iúil 2023 faoi seach, sainaithníodh 21 treisiú iarrthóra san iomlán a bhaineann le réitigh agus teicneolaíochtaí gan sreang. Is iad seo a leanas na teicneolaíochtaí sin:

- Rátáil líne dinimiciúla; agus
- Rialaitheoirí sreafa cumhachta.

### Rátáil líne dinimiciúla

Le suiteáil Rátála Líne Dinimiciúla (DLR) is féidir le línte reatha oibriú ar rátáil ualaigh níos airde, bunaithe ar choinníollacha comhthimpeallacha agus leis sin is féidir nach mbeadh gá an líne a uasrátáil agus ceangal nua á éascú. Leanadh ar aghaidh ag cur réitigh gan sreang san áireamh maidir le gach cinneadh pleanála infheistíochta a rinneadh in 2024.

Sainaithníodh rátáil líne dinimiciúla mar rogha i dtaca le 14 threisiú iarrthóra in TLM Leagan 1.0 (5 threisiú iarrthóra) agus TLM Leagan 1.1 (9 dtreisiú iarrthóra). Tá dul chun cinn déanta ag na hiarrthóirí ó TLM Leagan 1.0 ó sainaithníodh iad, agus fuair an treisiú iarrthóra deiridh a sainaithníodh in TLM Leagan 1.0 formheas Tairsí (GW3) in 2024.

Rinneadh measúnú ar na treisithe iarrthóra a sainaithníodh in TLM Leagan 1.1 agus chuaigh siad ar aghaidh in 2024. As na naoi dtreisiú iarrthóra sin, tá measúnú á dhéanamh ar chúig thionscadal agus bhain ceithre thionscadal formheas Tairsí 3 amach in 2024:

13 https://cms.eirgrid.ie/sites/default/files/publications/Shaping_Our_Electricity_Future_Roadmap.pdf

- Ciorcad 110 kV Lú – Chnoc na Mí agus DLR Bhusbarra 110 kV Chnoc na Mí
- Ciorcad 110 kV Lisdrum – Lú agus DLR Bhusbarra 110 kV Lisdrum
- DLR ciorcaid 110 kV Ratrussan – na Seanchoille
- Ciorcad 110 kV Dhrom Laoinn – na hInse agus DLR Bhusbarra 110 kV Dhrom Laoinn

Cuireadh réitigh gan sreang san áireamh maidir le gach cinneadh pleanála infheistíochta a rinneadh in 2024. Dá bhrí sin, i dteannta na dtionscadal a sainaithníodh in TLM Leagan 1.0 agus Leagan 1.1, sainaithníodh cur i bhfeidhm DLR mar réiteach féideartha i dtionscadail eile. San iomlán, fuair ocht dtionscadal DLR Formheas Caipitil agus bhain dhá thionscadal Rátála Líne Dinimiciúla (DLR) céim an Chomhaontaithe Tionscadail amach in 2024.

## Rialaitheoirí Sreafa Cumhachta (PFC)

Is gléas é PFC a shuiteáiltear ar chiorcad tarchuir chun rialú a thabhairt ar conas a dhírítear cumhacht ar an gciorcad sin agus ar chiorcaid atá taobh leis. Sainaithníodh PFCanna mar rogha i seacht dtreisiú iarrthóra ar fud TLM. Déanfar measúnú ar úsáid PFCanna mar chuid den mheasúnú ar roghanna, agus roghnófar an ceann is fearr feidhmíocht agus formheasfar é ag Tairseach 3. Leanfar ar aghaidh ag déanamh measúnú ar na riachtanais a bhaineann le treisithe iarrthóra PFC in TLM agus tabharfar chun cinn iad sna blianta amach romhainn, go háirithe de réir mar a bhailítear níos mó faisnéise faoi thionscadal triallach an rialaitheora sreafa cumhachta: Scéim Sreafa Cumhachta na Binne Báine a fuair formheas GW5 in 2023.

## Cúititheoir Sioncronach Statach (STATCOM)

Go luath in 2024, fuinnmhíodh stáisiún 110 kV Dhurlais i gContae Thiobraid Árann le húsáid teicneolaíochta STATCOM. Is gléas é STATCOM a chobhsaíonn an voltas in eangacha cumhachta. Cuidíonn STATCOManna le cobhsaíocht na heangaí a neartú agus le leibhéil voltais a chothabháil, rud a fheabhsaíonn iontaofacht agus éifeachtúlacht fhoriomlán na heangaí. Tá siad úsáideach go háirithe nuair atá éileamh mór ar an gcumhacht nó nuair a bhíonn foinsí cumhachta nua á gceangal leis an eangach.

## Brath Teochta Dáilte (DTS)

Le Brath Teochta Dáilte (DTS) baintear úsáid as cáblaí braiteora snáthoptaice leabaithe sa chábla cumhachta, de ghnáth ar fhad roinnt ciliméadar, a fheidhmíonn mar bhraiteoirí líneacha teochta. Is é an toradh air sin ná próifíl leanúnach na teochta feadh fhad iomlán an chábla braiteora. Cuireadh an teicneolaíocht seo i bhfeidhm den chéad uair in 2023. D'úsáid OCT sonraí oibríochta DTS an chábla 2 220 kV Choill Pháideog – Chnoc an Iúir i rith 2024. Tá na trí chéim go léir de cháblaí Choill Pháideog – Ghob na Muine 1 & 2, chomh maith leis an gcéim bhreise a bhaineann le cáblaí Choill Pháideog – Ghob na Muine 1 & 2, ceangailte le DTS le haghaidh Monatóireacht Teochta. Ag deireadh 2024, suiteáladh agus coimisiúnaíodh córas DTS i Stáisiún Belcamp agus bíonn sé ag monatóireacht chábla 220kV Belcamp – Fhionnghlaise.

Áirítear tuilleadh mionsonraí faoi fheidhmíocht na Comhdhreasachta OCT/ÚST don bhliain 2024 sa Tuarascáil Bhliantúil faoi Fheidhmíocht 2024.

# 3. Caiteachas Caipitil

## Gach cúig bliana dearbhaíonn CRU an rialú praghsanna ioncaim maidir le OCT (EirGrid) agus ÚST (Líonraí BSL). Socraíonn CRU imchlúdach ioncaim le forbairt na heangaí náisiúnta tarchuir a chlúdach.

Tagraítear dó sin mar capex gréasáin, faoina ndéanann EirGrid agus Líonraí BSL a gclár oibre caipitil thar thréimhse cúig bliana. Is féidir an t-imchlúdach a mhionathrú, más gá, le linn na gcúig bliana de réir riachtanais athraithe. Faightear na costais a bhaineann le forbairt na heangaí náisiúnta tarchuir ar ais thar thréimhse 50 bliain, ar aon dul le saolré ionchais sócmhainne an ghréasáin.

Chinntigh CRU liúntas iomlán capex gréasáin OCT agus ÚST don tréimhse PR5 i gCinneadh Deiridh PR5, CRU/20/152, mar €1,048M (Praghsanna 2019), a leithdháileadh €210M de go 2024. Is féidir teacht ar faisnéis bhreise faoi chinneadh deiridh PR5 sa pháipéar cinnidh ar shuíomh gréasáin CRU[14].

D'fhorbair clár PR5 in 2024 de réir mar a críochnaíodh tionscadail, a tugadh chun cinn iad, a tugadh isteach iad, a ndearnadh athsceidealú orthu nó a baineadh iad. €221M ab ea caiteachas rialála iomlán an capex gréasáin in 2024.


Tá táirgeacht 2024 5% níos mó ná liúntas cinnidh PR5 de €210 milliún* ach tá laghdú beag €14 mhilliún i gceist leis freisin i gcomparáid le 2023.

**Tábla 1: Caiteachas Rialála Iomlán Iarbhír PR5 2024 i gcomparáid le Liúntas PR5 2024**
(*Tabhair faoi deara: curtha in iúl mar airgead ainmniúil 2024)

| | Gréasán OCT & ÚST PR5 Cinneadh Capex Liúntas 2024 | Clár PR5 2024 Táirgeacht OCT & ÚST | Táirgeacht Athraithis PR5 2024 in aghaidh Liúntas PR5 |
|---|---|---|---|
| Capex Gréasáin Iomláin Caiteachas Rialála | €210m* | €221m* | +€11m* (+5%) |

14 https://cruie-live-96ca64acab2247eca8a850a7e54b-5b34f62.divio-media.com/documents/CRU20152-TSO-and-TAO-Transmission-Revenue-2021-20252.pdf

Imríonn caiteachas ar thionscadail mhóra (amhail an Mhí Thoir – Baile Átha Cliath Thuaidh, Connachta Thuaidh, an tIdirnascaire Thuaidh-Theas, príomhstáisiúin, agus tionscadail chábla í) tionchar mór ar phróifíl caiteachais an Capex Gréasáin. Sa ghraf thíos taispeántar treocht caiteachais an Capex Gréasáin le cúig bliana anuas ó 2020 go 2024. Táthar ag súil go méadófar ar sheachadadh Capex Gréasáin na bpríomhthionscadal, agus dá bhrí sin ar threocht an chaiteachais, arís in 2025. Tá sé sin ar aon dul le réamhaisnéis EirGrid maidir le Punann Seachadta Gréasáin R4-24 don bhliain dheireanach atá fágtha in PR5 mar a foilsíodh i mí Eanáir 2025[15].




*Fíor 6: Caiteachas rialála gréasáin iomlán OCT/ÚST de réir bliana (€M)*

15 Network-Delivery-Portfolio-Publication-Q4-2024.pdf


# 4. An Phunann Seachadta Gréasáin

## Foilsíonn EirGrid nuashonrú ar an bPunann Seachadta Gréasáin (NDP) gach ráithe ionas go gcomhlíonfadh páirtithe leasmhara agus an tionscal ceanglais tuairiscithe CRU, mar a leagtar amach in CRU/20/154. Tá achoimre san NDP ar an gclár atá cothrom le dáta maidir le tionscadail chaipitil tarchuir píblíne leanúnacha le linn na tréimhse 2024-2030, lena gclúdaítear tréimhsí PR5 agus PR6.

Is clár dinimiciúil agus sofhreagrúil gan srian é foilseachán ráithiúil NDP[16] ina n-áirítear tionscadail ó aighneacht PR5, tionscadail phíblíne a tugadh isteach le déanaí agus ceanglais bhreise a sainaithníodh tríd an anailís a rinneadh mar chuid de na staidéir Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú. Cuireann NDP nuashonrú stádais ráithiúil ar fáil maidir leis na trí phríomh-gharsprioc tionscadail: Formheas Caipitil EirGrid, Comhaontú Tionscadail le Líonraí BSL, agus Fuinnmhiú le haghaidh thart ar 380 tionscadal.

Is é cuspóir NDP ná an córas cumhachta a chlaochlú de réir Straitéis Ghrúpa EirGrid[17] faoi 2030, i gcomhréir le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024[18]. Déanann EirGrid é sin trí chlár soiléir agus trédhearcach a chur ar fáil thar roinnt blianta, rud a uasmhéadaíonn an méid oibre tionscadail is féidir a dhéanamh chun an córas a neartú, custaiméirí a cheangal agus an leibhéal cothabhála riachtanach a chinntiú don chóras tarchuir agus córas sábháilte agus slán á chinntiú ag an am céanna. Le sonraí garsprice tionscadail NDP R4-24, cuirtear nuashonruithe stádais ar fáil as a ndéantar bunús Phlean Forbartha Tarchurtha 2024 EirGrid agus na faisnéise atá le fáil sa tuarascáil seo.

16 Tá dátaí agus amlínte na dtionscadal a chuirtear ar fáil san NDP bunaithe ar chás gan srian agus, dá bhrí sin, tá siad táscach agus faoi réir athrú ar chúiseanna éagsúla.
17 https://cms.eirgrid.ie/sites/default/files/publications/EirGrid-Group-Strategy-2025.pdf
18 https://www.gov.ie/ga/an-roinn-aeráide-fuinnimh-agus-comhshaoil/foilseachain/an-plean-gníomhaithe-ar-son-na-haeráide-2024/




*Fíor 7: Léarscáil den Chóras Tarchuir ar fud na hÉireann 2024*[19]

19 EirGrid-Transmission-System-Map-February-2025.pdf


## 4.1 Treochtaí maidir leis an bPunann Seachadta Gréasáin in 2024

Sa cheathrú bliain de PR5 rinne EirGrid agus Líonraí BSL dul chun cinn i dtaca le seachadadh an Chláir Éartha Tarchuir (TOP) agus feabhsuithe ar an bpróiseas pleanála agus toilithe.

Is táscairí iad na meadarachtaí sin maidir le méid na dtionscadal a théann chun cinn tríd an bPróiseas Sé Chéim i leith fuinnmhiú agus críochnú le linn fhuílleach PR5, agus iad ag cur le seachadadh dhaingneacht an tsoláthair, spriocanna 2030 maidir le dícharbónú an athraithe aeráide agus ceangal le custaiméirí sa deireadh.

### Formheasanna Caipitil


Fuair 57 tionscadal Formheas Caipitil in 2024. Áirítear leo sin 29 ceangal le custaiméirí, 20 treisiú córais, 7 n-athchóiriú sócmhainní agus tionscadal amháin atreoraithe. Léiríonn an líon tionscadal sin a fuair formheas le déanaí go raibh bliain feidhmíochta láidre againn agus tarraingíonn sé aird ar an athrú céime a rinneadh le linn PR5 ar an méid tionscadal a chuaigh chun cinn tríd an bpróiseas Pleanála Infheistíochta. Leagtar amach sonraí breise maidir leis na tionscadail sin i gCuid 7 den tuarascáil seo.




*Fíor 8: Méid na bhformheasanna caipitil nua – tréimhse 5 bliana*

## Comhaontuithe Tionscadail


Tugadh 43 Comhaontú Tionscadail idir EirGrid agus Líonraí BSL chun críche in 2024. Áirítear leo sin 24 tionscadal faoi cheangal le custaiméirí, 11 tionscadal atreisithe córais, sé thionscadal athchóirithe sócmhainní agus dhá thionscadal atreoraithe.




*Fíor 9: Líon na gcomhaontuithe tionscadail nua a síníodh – tréimhse 5 bliana*

## Fuinnmhithe agus Críochnuithe

Fuinnmhíodh agus/nó críochnaíodh 22 tionscadal in 2024, lena n-áirítear cúig thionscadal a bhaineann le Giniúint Éigeandála Shealadach (TEG).




*Fíor 10: Líon na dtionscadal a fuinnmhíodh/críochnaíodh – tréimhse 5 bliana*

## 4.2 Spleáchais & Dúshláin Seachadta Tionscadail

Comhoibríonn EirGrid agus Líonraí BSL le chéile chun dúshláin forbartha agus seachadta tionscadail a shárú agus chun rioscaí tionscadail agus cláir a bhainistiú. Cinnteoimid go mbeidh an rannpháirteachas ag na céimeanna luatha fós ina uirlis chun dúshláin seachadta a thuar agus a mhaolú. Tá béim ar leith ar bhainistiú tionscadail ó thús go deireadh agus tá sé ríthábhachtach leanúint ar aghaidh le rannpháirteachas ag gach céim de thionscadal chun na torthaí is fearr agus is féidir a bhaint amach. Nuair a athraítear dátaí fuinnmhithe na dtionscadal, cuirtear iad sin in iúl i bhfoilseacháin ráithiúla agus bhliantúla ar shuíomh gréasáin EirGrid.

Tá roinnt fachtóirí riosca ann a théann i bhfeidhm ar an gcumas infheistíocht a sheachadadh ar an scála seo. De ghnáth titeann siad seo faoi cheann amháin de na seacht gcatagóir seo a leanas: próiseas an toilithe agus cúrsaí dlí, castacht theicniúil, baic ar acmhainní a chur ar fáil agus ar shlabhra an tsoláthair dhomhanda, dúshláin don phobal agus do pháirtithe leasmhara, inrochtaineacht agus inacmhainneacht talún, chomh maith le saincheisteanna a thagann chun cinn faoi thionscadail custaiméirí tríú páirtí agus rioscaí éartha.

# 5. An Próiseas Sé Chéim Forbartha Eangaí: Céim 1

Cén chaoi a ndéanaimid riachtanais na heangaí leictreachais amach anseo a shainaithint?

## I gCéim 1, deimhníonn EirGrid go bhfuil gá le tionscadal ar leith trí bhreithniú na n-athruithe a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis an éileamh ar leictreachas. Bíonn na hathruithe sin faoi thionchar fachtóirí amhail conas a ghinfear leictreachas agus cá háit, agus athruithe ar úsáid an leictreachais.

Déanann EirGrid é sin tríd an méid a leanas a shainaithint:

- Riachtanais chórais amach anseo a thiocfaidh chun cinn trí athruithe ar éileamh, ar ghiniúint agus stóráil, ar idirnasc agus ar choinníollacha sócmhainní.
- Riachtanais atreisithe an chórais – cur i bhfeidhm caighdeán pleanála teicniúil.
- Bainistiú sócmhainní agus riachtanais chothabhála – measúnuithe na gcoinníollacha agus beartais chothabhála.

In 2019, d'fhoilsigh EirGrid Cásanna Fuinnimh an Lae Amárach (TES) – Measúnú ar Riachtanais an Chórais 2019 (SNA)[20]. Is é cuspóir SNA ná béim a leagan ar riachtanais fhadtéarmacha na heangaí in Éirinn suas go 2040.

Ba é an tuarascáil SNA toradh próisis a tosaíodh le foilsiú TES agus comhairliúchán faoi in 2019. In 2023, d'fhoilsigh EirGrid tuarascáil nuashonraithe Cásanna Fuinnimh an Lae Amárach (TES)[21], lenar síneadh an tréimhse phleanála go 2050 agus lenar tugadh isteach ceithre chás nua le treochtaí fuinnimh agus uaillmhianta beartais atá i mbun forbartha a léiriú. Ní mór dúinn cloí le caighdeáin theicniúla agus muid ag pleanáil an ghréasáin. Tugtar mionsonraí ar na caighdeáin theicniúla sin i gCaighdeáin Daingneachta agus Pleanála Córais Tarchuir (TSSPS)[22] EirGrid, mar a d'fhormheas CRU. Má dheimhnítear nach gcomhlíonfaidh an eangach reatha na riachtanais ionchais amach anseo faoi TSSPS, teastóidh níos mó infheistíochta ón eangach.

In 2021, d'fhoilsíomar an Treochlár Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú (TLM)[23]. In TLM leagtar amach ár gcur chuige beartaithe – ár dtreochlár maidir le hoibríochtaí margaidh, forbairt ghréasáin, agus oibríochtaí córais – chun ár n-uaillmhian in-athnuaite a bhaint amach. Ba é an uaillmhian, tráth a fhoilsithe in 2021, go mbeadh 70% ar a laghad dár leictreachas ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030. Léiríonn Treochlár Leagan 1.1 de TLM[24] spriocanna nuashonraithe an Rialtais do Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2030 (80% den leictreachas ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030), mar a foilsíodh i mí Iúil 2023.

20 https://cms.eirgrid.ie/sites/default/files/publications/EirGrid-TES-2019-System-Needs-Assessment-Report_Final.pdf
21 Féadtar leagan nuashonraithe 2023 den TES a fháil ag https://www.eirgrid.ie/industry/tomorrows-energy-scenarios-tes#tes-2023
22 https://cms.eirgrid.ie/sites/default/files/publications/EirGrid-Transmission-System-Security-and-Planning-Standards-TSSPS-Final-May-2016-APPROVED.pdf
23 https://cms.eirgrid.ie/sites/default/files/publications/Shaping_Our_Electricity_Future_Roadmap.pdf
24 https://cms.eirgrid.ie/sites/default/files/publications/Shaping-Our-Electricity-Future-Roadmap_Version-1.1_07.23.pdf

Tá na tionscadail a bhfuil aird á dtabhairt orthu in TLM agus TES sa bhreis ar thionscadail atá ar bun cheana féin ag EirGrid. Thar aon rud eile, leanfaidh gach tionscadal aonair an Creat Sé Chéim, ag cinntiú go ndéanfar na measúnuithe riachtanacha, go gcomhlíontar rialacháin phleanála ábhartha, agus go dtabharfar faoi rannpháirtíocht chuí sula leanfar ar aghaidh. Cuirfear na tionscadail seo san áireamh sa Phlean Forbartha Náisiúnta a luaithe a gheobhaidh siad Formheas Caipitil ó EirGrid.

Nuair a bheidh riachtanas córais aitheanta agus deimhnithe againn, cuirtear tús le próiseas foirmiúil forbartha tionscadail. Ag an tráth sin, is é an t-aon chinneadh atá déanta ná a dheimhniú go bhfuil gá le tionscadal forbartha eangaí agus níl sonraí an réitigh curtha san áireamh go fóill.

Rud atá ríthábhachtach don phróiseas seo is ea machnamh a dhéanamh ar raon bealaí féideartha a d'fhéadfadh úsáid fuinnimh athrú amach anseo. Tugtar pleanáil cásanna air sin. Déanaimid tástáil ar cibé an féidir le heangach an lae inniu tacú le raon cásanna fuinnimh féideartha amach anseo nó an bhfuil gá le tuilleadh infheistíochta san eangach.

### 5.1.1 Cad a tharla i gCéim 1 i rith 2024?

Sainaithnítear riachtanais ghréasáin trí roinnt próiseas éagsúil, lena n-áirítear TES, TLM, agus an próiseas tairisceana ceangail. In 2024, rinneadh anailís ar riachtanais éagsúla ar fud an ghréasáin, i gcomhréir leis an gCreat Sé Chéim chun an eangach a fhorbairt. Thug sé sin deis do EirGrid riachtanais an ghréasáin a thuiscint agus a shainiú níos fearr sula n-ullmhófaí liosta de roghanna réitigh le linn Chéim 2. Tar éis Céim 1 a chríochnú, téann na riachtanais ar aghaidh go Céim 2, áit a ndéanfar anailís ar roghanna chun freastal ar na riachtanais ghréasáin sin.

Tá na tionscadail a ceadaíodh le déanaí in 2024 suite ar fud an ghréasáin tarchurtha, agus béim ar cheangal RES ar fud na hÉireann a éascú, rud a chuireann le spriocanna aeráide 2030 a bhaint amach. Chomh maith leis sin, rinneadh dul chun cinn ar roinnt tionscadal a mhéadóidh acmhainn agus athléimneacht an ghréasáin atá ann cheana féin chun freastal ar riachtanais intíre, tráchtála agus riachtanais éilimh eile.

Sa bhliain 2024 leagamar sprioc de shé cheadú Thairseach 1 don bhliain agus baineadh amach sé cinn:

- Toilleadh Teirmeach Chiorcaid 110 kV Chlochair Dhroim Caoin, réigiún an Iarthuaiscirt: Deimhniú ar an ngá atá le hacmhainn theirmeach dhá chiorcad 110 kV a mhéadú, rud a thacóidh le comhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite agus a fheabhsóidh daingneacht an tsoláthair sa réigiún.

- Athchóiriú Stáisiún 110 kV Phlaitín, réigiún an Oirthir: Deimhniú ar an ngá atá le hathchóiriú a dhéanamh ar stáisiún 110 kV amháin, rud atá ríthábhachtach chun a iontaofacht agus a thoilleadh a fheabhsú, agus soláthar cumhachta seasmhach a chinntiú, agus freastal ar fhás an éilimh sa cheantar amach anseo.
- Riachtanais Toillte Teirmeacha 110 kV Leitir Ceanainn Golagh Tee, réigiún an Iarthuaiscirt: Deimhniú ar an ngá atá le toilleadh teirmeach an chiorcaid a mhéadú, rud atá ríthábhachtach chun níos mó giniúint in-athnuaite a chomhtháthú agus soláthar cumhachta seasmhach a choinneáil sa réigiún.
- Riachtanais Toillte Ciorcaid 220 kV Bhaile Mhic Gormáin – Mhaigh Nuad agus Riachtanais Toillte Ciorcaid 220 kV Chaisleán Loiste – Mhaigh Nuad, réigiún Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath: Deimhniú ar an ngá atá le toilleadh dhá chiorcad 220 kV a mhéadú a thacóidh le comhtháthú fuinnimh in-athnuaite agus a bhainisteoidh éilimh chumhachta atá ag fás sa cheantar.
- Caisle-Doire-Droichead na Sionainne, réigiún Lár na Tíre: Deimhniú ar an ngá atá le hathchóiriú a dhéanamh ar líne 110 kV amháin atá riachtanach chun a hiontaofacht agus a toilleadh a fheabhsú, chun tacú le comhtháthú giniúna in-athnuaite, agus chun soláthar cumhachta seasmhach sa réigiún a chinntiú.

Tabhair faoi deara, leis an seachadadh a bhrostú, is minic a chuirtear gníomhaíochtaí Chéim 1 le chéile leis na gníomhaíochtaí i gCéimeanna 2 agus 3, go háirithe i gcás ina bhfuil tuiscint mhaith cheana féin ar spreagadh an tionscadail agus ar an réiteach teicneolaíochta. Cuireann an cur chuige comhtháite seo, mar atá leagtha amach i gCuid 7.1.2, dul chun cinn tionscadail níos sofhreagrúla agus níos éifeachtaí ar fáil tríd an gcreat.

**Tábla 2: Dul Chun Cinn Tionscadail Chéim 1**

| Garsprioc | Sprioc | Seachadta |
|---|---|---|
| Ceaduithe GW1 Foriomlána | 6 | 6 |

### 5.1.2 Dúshláin agus Deiseanna Chéim 1

Tá dúshláin shuntasacha ag baint le deimhniú an ghá atá le tionscadal forbartha eangaí i gCéim 1, go háirithe i bhfianaise scála agus luas gan fasach an aistrithe fuinnimh. Caithfidh EirGrid measúnú a dhéanamh ar riachtanais leictreachais amach anseo i dtimpeallacht atá ag athrú go gasta agus á múnlú ag éileamh athraitheach, teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, agus spriocanna uaillmhianacha aeráide. Tá an obair seo níos casta fós mar gheall ar spleáchais sheachtracha ar fud an éiceachórais leictreachais, lena n-áirítear seachadadh tráthúil giniúna in-athnuaite, seirbhísí córais, idirnascadh, agus bonneagar cumasúcháin. Bíonn tionchar ag dúshláin níos leithne amhail amlínte pleanála agus rialála, srianta ar an slabhra soláthair, agus an gá atá le tacaíocht ón bpobal ar an gcumas réamhaisnéis agus pleanáil chruinn a dhéanamh do riachtanais chórais amach anseo.

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, cuireann EirGrid cur chuige láidir pleanála cásanna i bhfeidhm a chuireann réimse leathan todhchaí féideartha san áireamh. Tacaítear leis sin trí chomhoibriú dlúth leis an rialtas, rialtóirí, páirtithe leasmhara tionscail, agus an pobal chun ailíniú a chinntiú le spriocanna náisiúnta fuinnimh. Comhtháthaíonn EirGrid measúnuithe teicniúla, athbhreithnithe ar riocht sócmhainní, agus caighdeáin phleanála freisin chun a chinntiú go bhfuil na riachtanais a shainaithnítear bunaithe ar fhianaise agus go bhfuil siad réidh don todhchaí. Trí phlé luath agus trédhearcach a dhéanamh, agus trí mholadh a dhéanamh ar son beartais agus infheistíochta a chumasú, cabhraíonn EirGrid lena chinntiú go bhfuil cinntí Chéim 1 bunaithe, inchreidte, inseachadta agus in ann tacú le huaillmhianta fuinnimh fadtéarmacha na hÉireann.

# 6. An Próiseas Sé Chéim Forbartha Eangaí: Céim 2

Cén teicneolaíochtaí is gá chun gur féidir na richtanais sin a chomhlíonadh?

## Baineann Céim 2 le gearrliosta roghanna a chruthú a chomhlíonann na riachtanais amach anseo mar a dearbhaíodh i gCéim 1. Mar chuid den phróiseas seo, lorgaíonn EirGrid aiseolas ónár bpáirtithe leasmhara maidir leis an liosta réiteach féideartha.

I gCéim 2, ba mhaith linn a thuiscint cé na roghanna a cheapann ár bpáirtithe leasmhara atá oiriúnach agus cé na cinn nach bhfuil. Déanfaimid staidéar ar aiseolas na bpáirtithe leasmhara agus gearrliosta de roghanna a ullmhú a ndéanfar breithniú níos mionsonraithe orthu i gCéim 3 den Chreat Sé Chéim.

Agus an gearrliosta roghanna le breithniú níos mionsonraithe a dhéanamh air á chur le chéile againn, déanaimid iarracht cothromaíocht a bhaint amach idir roghanna na bpáirtithe leasmhara agus oiriúnacht theicniúil, chostais agus chomhshaoil. Ciallaíonn sé sin go bhféadfaimis roghanna a chomhlíonann Caighdeáin Daingneachta agus Pleanála Córais Tarchuir (TSSPS) EirGrid agus a bhfuil rogha láidir phoiblí acu ach nach bhfuil oiriúnach go teicniúil ná roghanna malartacha a áireamh. Breithneoimid ceist na hoiriúnachta foriomláine ar dhóigh níos mionsonraithe nuair a rachaimid ar aghaidh go Céim 3. Má chuirtear líne nua mhór nó forbairt líneach ar an ngearrliosta, breithneofar rogha cábla faoi thalamh freisin. Is féidir teicneolaíochtaí atá ar fáil anois a mheas láithreach mar roghanna réitigh féideartha. Féadfar teicneolaíochtaí nua atá réidh le húsáid i dtriail a bhreithniú freisin ag brath ar a leibhéal aibíochta.

Cuirimid teicneolaíochtaí nua i dtrí chatagóir leathana:

1. Teicneolaíocht Nua ag Céim an Taighde agus na Forbartha
2. Teicneolaíocht Nua Réidh le hÚsáid i dTriail
3. Teicneolaíocht ar Fáil Anois

### 6.1.1 Cad a tharla i gCéim 2 i rith 2024?

In 2024, d'éirigh le tionscadal amháin dul chun cinn trí Chéim 2. Bhí an tionscadal seo ar cheann de thrí thionscadal a raibh sé mar aidhm leo Céim 2 a bheith críochnaithe acu faoi 2024. Bhí gá le measúnuithe teicneolaíochta breise laistigh de Chéim 2 i gcás an dá thionscadal eile chun réiteach níos cuimsithí a chinntiú do na ceantair gheografacha atá á mbreithniú agus chun aiseolas ó pháirtithe leasmhara a chomhtháthú. Rachaidh na tionscadail seo ar aghaidh trí GW2 a luaithe a bheidh an rogha is éifeachtaí sainaitheanta.

Léiríonn sprioc 2024, de thrí thionscadal a chríochnóidh Céim 2, cur chuige straitéiseach chun réitigh theicniúla iomchuí a shainaithint do riachtanais tarchuir atá ag teacht chun cinn. In go leor cásanna, tá an teicneolaíocht sainaitheanta go maith cheana féin trí phróisis chaighdeánaithe nó trí riachtanais atreisithe aitheanta. Mar thoradh air sin, ní bhíonn céim neamhspleách aitheantais teicneolaíochta ag teastáil i gcás tionscadal áirithe. Bíodh is go ndeachaigh tionscadal amháin trí Chéim 2 ar bhonn céim aonair, chríochnaigh 22 tionscadal Céim 2 i gcomhar le céimeanna eile in 2024. Clúdaítear an cur chuige solúbtha agus comhtháite sin ar bhonn níos mionsonraithe i gCuid 7.1.2.

Tábla 3: Dul Chun Cinn Tionscadail Chéim 2

| Garsprioc | Sprioc | Seachadta |
|---|---|---|
| Ceaduithe GW2 Foriomlána | 3 | 1 |

### 6.1.2 Dúshláin agus Deiseanna Chéim 2

I gCéim 2, forbraíonn EirGrid gearrliosta de réitigh fhéideartha chun freastal ar riachtanais dheimhnithe an chórais. Tá roinnt dúshlán ag baint leis an gcéim seo, lena n-áirítear cothromaíocht a bhaint amach idir tuairimí páirtithe leasmhara éagsúla agus breithnithe teicniúla, comhshaoil agus costais. Cuireann cuimsiú teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn leis an gcastacht bhreise, toisc go gcaithfear a n-ullmhacht agus a n-inmharthanacht fhadtéarmach a mheas go cúramach. Ina theannta sin, is féidir le hionchais an phobail maidir le bonneagar a leagan faoi thalamh agus tionchair áitiúla a íoslaghdú teacht salach ar na roghanna is éifeachtaí ó thaobh na teicneolaíochta de agus/nó is cost-éifeachtaí in amanna.

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo, bíonn EirGrid i dteagmháil go forleathan le páirtithe leasmhara chun aiseolas fiúntach a bhailiú agus trédhearcacht a chinntiú maidir leis an gcaoi a ndéantar cinntí. Úsáidtear próiseas meastóireachta struchtúrtha chun gach rogha a chur sa mheá i gcoinne caighdeáin phleanála, tionchar comhshaoil, costas agus rogha an phobail. Nuair is cuí, cuirtear teicneolaíochtaí nuálacha san áireamh lena mbreithniú tuilleadh, ar choinníoll go gcomhlíonann siad tairseacha aibíochta íosta. Cinntíonn an cur chuige cothrom seo go léiríonn an gearrliosta ionchur na bpáirtithe leasmhara agus na nithe praiticiúla a bhaineann le córas leictreachais slán inbhuanaithe a sheachadadh araon.

# 7. An Próiseas Sé Chéim Forbartha Eangaí: Céim 3

Cén rogha is fearr agus cén ceantar a ndéanfaí difear dó?

Mar chuid de Chreat Sé Chéim EirGrid maidir le forbairt agus seachadadh tionscadal, déantar measúnú ar riachtanais i gCéim 1, déantar dul chun cinn ar roghanna réitigh i gCéim 2, agus sainaithnítear an rogha is fearr feidhmíocht i gCéim 3. Aithnítear i gCéim 3 an limistéar staidéir inar féidir an rogha seo a chur freisin. Ag deireadh Chéim 3, téann tionscadail ar aghaidh trí Thairseach 3. Tá Tairseach 3 ríthábhachtach i gCreat Sé Chéim EirGrid agus muid ag deimhniú an chinnidh infheistíochta don tionscadal agus ag dul ar aghaidh ó thionscadal píblíne go tionscadal leanúnach Chéim 1.

Laistigh de Chéim 3, tá sé de chúram ar EirGrid a dheimhniú go bhfuil gá leis an tionscadal ann fós, castacht an tionscadail, agus an ceantar inar féidir an tionscadal a thógáil. De ghnáth, úsáidtear an chéim seo chun saincheisteanna féideartha a shainaithint a d'fhéadfadh srian a chur ar roghanna laistigh den limistéar staidéir don tionscadal. Lorgaítear tuairimí na bpáirtithe leasmhara maidir le rogha teicneolaíochta ar leith agus maidir leis an limistéar staidéir ina bhfuil sé beartaithe an tionscadal a dhéanamh. Cabhraíonn an comhairliúchán seo linn tuiscint a fháil ar a bhfuil tábhachtach do pháirtithe leasmhara agus níos mó a fhoghlaim faoin gceantar áitiúil.

Agus ár gcinneadh á dhéanamh againn, úsáidtear próiseas cinnteoireachta ilchritéir, áit a líonfaimid na cúig phríomhchritéar agus na fochritéir do gach rogha. Déanfaidh ár saineolaithe na roghanna a mheas ansin agus forbróidh siad bonn cirt don rogha réitigh is fearr feidhmíocht. Déantar cinneadh ansin ar anailís mhionsonraithe ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara agus ar chritéir eacnamaíocha, theicniúla, shóisialta agus chomhshaoil.

### 7.1.1 Céim 3 - Feidhmíocht i gcomparáid leis an bPlean

In 2024, d'oibrigh EirGrid i dtreo sprioc de chaoga Formheas Caipitil i gCéim 3. Baineadh an sprioc seo amach agus sáraíodh í le 57 Formheas Caipitil curtha chun cinn in 2024. Cuireadh an 57 tionscadal nua seo, a bhfuil costas caipitil iomlán réamh-mheasta suntasach de €1 bhilliún acu, leis an gclár PR5 agus is infheistíocht mhór bhreise iad i bhforbairt an chórais tarchuir.

Tá na tionscadail a ceadaíodh le déanaí in 2024 suite ar fud an ghréasáin tarchuir i réigiúin an Deiscirt, an Iarthuaiscirt, an Iarthair, Lár na Tíre agus an Oirthuaiscirt. Cabhróidh na tionscadail seo le daingneacht an tsoláthair a chothabháil agus a fheabhsú agus éascóidh siad comhtháthú fuinnimh in-athnuaite sa chóras tarchuir. Seo a leanas na tionscadail a fuair Formheas Caipitil in 2024:

- 29 ceangal custaiméara,
- 7 n-athchóiriú sócmhainne,
- 20 atreisiú córais, agus
- 1 atreorú ciorcaid atá ann cheana féin.

Táthar ag súil go mbeidh buntáistí éagsúla agus fairsinge mar thoradh ar na tionscadail seo, lena n-áirítear:

- Thart ar 1.37 GW Giniúna In-athnuaite
- Thart ar 90 MW Córas Stórála Fuinnimh Cadhnra
- Thart ar 299 MW Giniúna ó Thionscadail T-4

Tábla 4: Dul Chun Cinn Tionscadail Chéim 3


| Garsprioc | Sprioc | Seachadta |
|---|---|---|
| Formheasanna Caipitil Foriomlána | 50[25] | 57 |

Baineadh amach trí chinneadh infheistíochta móra in 2024, lena n-áirítear:

- CP1196 - Riachtanais Toillte 110 kV an Inbhir Mhóir-an Bhaile Bhig-Charraig Mhaighin
- Tionscadal Atreisithe Eangaí CP1214 ó Fhine Gall go dtí an Mhí Thoir
- CP1273 Bulcphointe Soláthair Lárnach Bhaile Átha Cliath

Costas caipitil iomlán réamh-mheasta de €1b i gcás seacht dtionscadal is caoga

25 Leis na spriocanna a leagtar amach, léirítear spriocanna comhaontaithe gnó EirGrid don bhliain fhéilire 2024 agus ní thagann na spriocanna sin ón aighneacht AP5 chuig CRU in 2019.




*Fíor 11: Formheasanna Caipitil 2024*

Tá sé ríthábhachtach tionscadail nua ghiniúna in-athnuaite a cheangal leis an ngréasán tarchuir agus a chur i gcrích chun spriocanna Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2030 a bhaint amach. Os a choinne sin, tá fás leanúnach tagtha ar líon na mórúsáideoirí fuinnimh, ar a dtugtar Ceangail Éilimh, in Éirinn le blianta beaga anuas. Áirítear leis na ceangail éilimh sin tionscail na Faisnéise, Cumarsáide agus Teicneolaíochta (TFC) agus cuideachtaí déantúsaíochta ardteicneolaíochta, agus ionaid sonraí. Le blianta beaga anuas, forbraíodh beartais nua chun ceangal eagraithe agus bainistíocht ceangal éilimh chuig an gcóras tarchuir agus air a bhainistiú.

Chun freastal ar éilimh ceangail nua a thabhairt isteach san eangach amhail Custaiméirí Éilimh nó Custaiméirí In-athnuaite, déantar Céimeanna 1, 2, agus 3 a bhainistiú faoin bpróiseas Ceangail do Chustaiméirí[26]. Sa phróiseas seo, aithnítear an modh ceangail is fearr idir an Custaiméir agus an gréasán tarchuir. Nuair a chuirtear an comhaontú ceangail i gcrích, cuirtear ceadú caipitil ar aghaidh trí Rialachas Chéim 3 agus déanann Bainisteoir Tionscadail EirGrid bainistíocht ar an tionscadal go dtí go seachadfar é i ndlúthchomhar leis an gcustaiméir.

### 7.1.2 Seachadadh i gCéimeanna 1,2, & 3 a Bhrostú

Uaireanta déanann EirGrid agus Líonraí BSL céimeanna an chreata forbartha eangaí le tionscadail tarchuir oiriúnacha a thabhairt le chéile agus a choimriú chun seachadadh tionscadail brostaithe a éascú ar fud na Punainne Seachadta Gréasáin. Baineann sé seo le gníomhaíochtaí a chur i gcrích go comhthreomhar, go háirithe ag céimeanna luatha pleanála infheistíochta, an t-am idir céimeanna a laghdú, dul i mbun oibre níos luaithe le Líonraí BSL maidir le raon feidhme a mheas, foirne speisialaithe comhpháirteacha a chur i bhfeidhm agus pleanáil agus comhordú comhpháirteach níos fearr a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí éartha.

A bhuíochas leis an tsofhreagrúlacht agus an tsolúbthacht seo, go príomha i gcás tionscadal níos lú ina bhfuil an teicneolaíocht, an rogha agus/nó an bealach soiléir, is féidir linn tionscadail a chur chun críche go tráthúil chun spriocanna dúshlánacha a bhaint amach. Tugann an cur chuige seo aghaidh go héifeachtúil ar riachtanais an ghréasáin trí ghníomhaíochtaí a dhéanamh ag an am céanna, trí rannpháirtíocht luath leis an ÚST, agus trí phleanáil chomhordaithe.

Chuaigh **36%** de na tionscadail a faomhadh in 2023 chun cinn ó Chéim 3 agus ar aghaidh go Céim 6 in 2024.


26 Ag Éirí i do Chustaiméir | Tionscal | EirGrid

Léiríonn an léaráid thíos líon na dtionscadal a bhain Tairseach 1, Tairseach 2, agus/nó Tairseach 3 amach in 2024, arb ionann é agus 64. Léirítear ceaduithe Tairsí Comhcheangailte sna limistéir fhorluiteacha ar léaráid Venn.

Rinneadh an méid a leanas in 2024:

- Bhain tionscadal amháin Tairseach 1 & 2 in éineacht amach
- Bhain sé thionscadal Tairseach 2 & 3 in éineacht amach
- Bhain 16 thionscadal Tairseach 1, 2, & 3 in éineacht amach

Sampla de thionscadal inar comhcheanglaíodh Céimeanna 1 – 3 is ea Athchóiriú Stáisiún an Bhalla Thuaidh a chuirfidh síneadh saolré ar fáil do shócmhainní atá ag dul in aois i bhfostáisiún 220 kV an Bhalla Thuaidh. Soláthraíonn an stáisiún atá ann cheana féin, ar sócmhainn ríthábhachtach í agus nód ríthábhachtach sa ghréasán tarchuir, soláthar cumhachta laistigh de Bhaile Átha Cliath freisin. Nuair a bheidh sé críochnaithe, cuirfidh an tionscadal seo le daingneacht an tsoláthair i mBaile Átha Cliath trí shaolré an stáisiúin a fhadú agus an riosca go dteipfidh ar shócmhainní a laghdú.




*Fíor 12: Tionscadail le céimeanna comhcheangailte in 2024*

### 7.1.3 Dul Chun Cinn Thionscadail Formheasa Caipitil 2023

Sa bhliain 2023, d'fhormheas EirGrid caoga tionscadal nua i gCéim 3 le costas caipitil iomlán de €508M. Faoi dheireadh 2024, bhí 36% de na tionscadail a fuair ceadú caipitil in 2023 tar éis dul chun cinn go Céim 6 (dearadh mionsonraithe/ tógáil/fuinnmhiú), rud a léiríonn dul chun cinn maith tionscadal sa chlár caipitil tarchuir.

Tá tionscadail i gCéimeanna 4/5 sa chéim toilithe agus scópála agus cuirfear ar aghaidh iad go Céim 6 in am trátha. Níl dul chun cinn á dhéanamh faoi láthair i dtionscadail atá 'ar feitheamh'.

Faoi dheireadh 2024, seo a leanas stádas na dtionscadal uile a fuair Formheas Caipitil in 2023:

- Tionscadail Críochnaithe - 4
- Tionscadail a Bhain Comhaontú Tionscadail amach - 14
- Tionscadail atá ag Dul Chun Cinn i dTreo Comhaontú Tionscadail – 31
- Tionscadal Ar Feitheamh - 1

Léiríonn achoimre ar fheidhmíocht cinntí infheistíochta in 2024 gur sháraigh ÚST/OCT na spriocanna a bunaíodh don tréimhse seo, rud a léiríonn tiomantas láidir agus ardfheidhmíocht. Trí phleanáil dhícheallach, comhoibriú éifeachtach, agus bainistíocht riosca réamhghníomhach, sáraíodh ionchais sa réimse seo, ag neartú cultúr d'fheabhsúchán leanúnach chun seachadadh spriocanna uaillmhianacha punainne a éascú thar na deich mbliana atá romhainn.

### 7.1.4 Dúshláin agus Deiseanna Chéim 3

Is céim ríthábhachtach i bhforbairt tionscadail í Céim 3, áit a n-aithníonn EirGrid an réiteach is fearr feidhmíocht agus a dhearbhaíonn an ceantar inar féidir é a thógáil. Tá dúshlán ag baint leis an gcéim seo, lena n-áirítear an gá a bhailíochtú go bhfuil an riachtanas bunaidh maidir leis an gcóras fós ann, agus ag an am céanna dul i ngleic leis an gcastacht a bhaineann le rogha is fearr a roghnú laistigh de cheantar geografach ar leith. Éiríonn comhairliúchán poiblí níos dírithe ag an gcéim sin, agus is minic a tharraingítear ábhair imní anuas faoi thionchair áitiúla, úsáid talún agus roghanna teicneolaíochta. Is féidir go mbeadh sé thar a bheith dúshlánach cothromaíocht a bhaint amach idir na tuairimí sin agus breithnithe teicniúla, comhshaoil agus eacnamaíocha, go háirithe i gcás tionscadal bonneagair mór nó casta.

Chun na dúshláin seo a bhainistiú, cuireann EirGrid próiseas cinnteoireachta ilchritéir struchtúrtha i bhfeidhm a dhéanann measúnú ar gach rogha i gcoinne raon fachtóirí teicniúla, sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíocha. Déantar anailís chúramach ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara agus déantar é a chomhtháthú sa phróiseas cinnteoireachta lena chinntiú go léirítear eolas agus ábhair imní áitiúla. Cuidíonn an cur chuige seo le muinín agus trédhearcacht a thógáil agus ag an am céanna a chinntiú go bhfuil an rogha a roghnaítear láidir, go seasfaidh an rogha an aimsir, agus go bhfuil sí ailínithe le spriocanna fuinnimh náisiúnta.

# 8. An Próiseas Sé Chéim Forbartha Eangaí: Céim 4

Cá háit go díreach is ceart dúinn dul i mbun tógála?

## Tar éis comhairliúchán agus rannpháirtíocht i gCéimeanna 1, 2, agus 3, tá roinnt cinntí tábhachtacha déanta ag EirGrid agus tá a fhios cén teicneolaíocht is fearr le húsáid ar thionscadal agus cá háit a dtógfar an tionscadal, go garbh. Leanfaimid orainn ag scrúdú agus ag breithniú rogha líne lasnairde agus rogha cábla faoi thalamh araon má tá ciorcad nua ag teastáil.

I gCéim 4, déanaimid measúnú ar an áit is oiriúnaí chun an tionscadal a thógáil. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina chiorcad nó ina stáisiún, nó an dá rud. Ní rachaidh roinnt tionscadal trí Chéim 4, uasrátálacha nó oibreacha comhchosúla go príomha ina bhfuil an ciorcad agus/nó an stáisiún atá ann cheana féin tógtha cheana féin agus dá bhrí sin go bhfuil suíomh an tionscadail atá beartaithe cinntithe cheana féin.

Tógann an chéim seo ar an réiteach teicneolaíochta is fearr feidhmíocht agus ar an limistéar staidéir a sainaithníodh i gCéim 3, le hanailís chomhshaoil agus shóisialta mhionsonraithe a scrúdaíonn roghanna suímh agus bealaigh áitiúla is fearr feidhmíocht don réiteach teicneolaíochta sin.

Tá na próisis chinnteoireachta ag an gCéim seo bunaithe ar fhaisnéis áitiúil, shóisialta agus chomhshaoil "ar an talamh"; i dteannta na dtacar sonraí ardleibhéil a úsáideadh i gCéim 3. Cuireann an cur chuige seo ar ár gcumas suíomhanna féideartha a mhapáil le haghaidh stáisiúin nó conairí bealaigh chiorcaid, ag cinntiú go bhfuil siad ailínithe leis an réiteach teicneolaíochta is fearr feidhmíocht atá sainaitheanta don limistéar atá faoi staidéar.

Leanfaimid orainn ag lorg ionchuir go gníomhach ónár bpáirtithe leasmhara, agus déanaimid ár straitéis rannpháirtíochta a oiriúnú do mhéid an tionscadail. Tá an t-oiriúnú seo le feiceáil i bhformáidí éagsúla, ó fhóraim phoiblí go hardáin ghréasáin idirghníomhacha ina bhfuil foirmeacha freagartha le fáil orthu. Tá EirGrid tiomanta do chomhrá oscailte a chothú, agus na comhairliúcháin seo a chur chun cinn tríd ár suíomh gréasáin agus trí chainéil meán, idir áitiúil agus náisiúnta, atá oiriúnaithe do raon feidhme an tionscadail.

### 8.1.1 Céim 4 - Feidhmíocht i gcomparáid leis an bPlean

In 2024, dhírigh EirGrid ar thrí thionscadal lena dtabhairt chun cinn trí Chéim 4. Bhain tionscadal amháin ceadú GW4 amach, tionscadal Riachtanais Toillte 110 kV an Inbhir Mhóir-an Bhaile Bhig-Charraig Mhaighin.

Bhí fadhbanna suntasacha ag baint leis an dá thionscadal eile, athsholáthar cábla Inse Chór-an Phoill Bhig #1 agus athsholáthar cábla Inse Chór-an Phoill Bhig #2, mar gheall ar chastacht a raon feidhme agus táthar ag súil go gcríochnófar Céim 4 faoi 2025. Baineann an dá thionscadal chasta seo le ciorcad cábla Féinchoimeádta Líonta le sreabhán (SCFF) atá imithe in aois i gceantar Bhaile Átha Cliath. Aithníodh srianta tábhachtacha, lena n-áirítear bonneagar atá ann cheana féin, gás, uisce, leictreachas, seirbhísí eile, gréasán bóithre, iompar poiblí, lena n-áirítear iarnród, bus, LUAS, Dart, aibhneacha, canálacha agus srianta féideartha ar úsáid talún.

Bhí gá le ham breise chun gníomhaíochtaí Céim 4 a chríochnú do na tionscadail seo, rud a chiallaíonn nár baineadh na clocha míle seo amach mar a bhí beartaithe in 2024. Tá na hoibreacha athsholáthair casta, agus bhí srianta casta éartha i gceist freisin. Is é atá i gceist leis na tograí tionscadail ná cáblaí nua-aimseartha a athsholáthar ar bhealaí nua den chuid is mó as líne chun spriocanna 2030 a bhaint amach. Tá na tionscadail seo mar chuid de Bheartas Cothabhála Cáblaí EirGrid chun na cáblaí uile atá Líonta le Sreabhán ar an ngréasán a athsholáthar.

Léiríonn an sprioc go gcríochnóidh trí thionscadal Céim 4 in 2024 cuspóir sonrach na céime seo maidir leis an suíomh is oiriúnaí do bhonneagar nua a aithint. Cuirtear an chéim seo i bhfeidhm i gcás tionscadal úrnua agus ní gá go mbeadh ceadú GW4 ag teastáil go sainráite i gcás tionscadal níos lú nó i gcás tionscadal uasrátála, toisc go bhfuil a suíomh socraithe cheana féin. Mar thoradh air sin, níor éirigh ach le tionscadal amháin dul ar aghaidh trí Chéim 4 agus an tionscadal neamhspleách ar chéimeanna eile sa chreat. Mar sin féin, ba cheart a shonrú gur chríochnaigh trí thionscadal Céim 4 i gcomhar le Céim 5. Tacaíonn an cur chuige solúbtha seo, atá leagtha amach i gCuid 7.1.2, le seachadadh tráthúil agus measúnuithe láidre comhshaoil, sóisialta agus teicniúla á gcinntiú ag an am céanna nuair is gá.

Tábla 5: Dul Chun Cinn Tionscadail Chéim 4

| Garsprioc | Sprioc | Seachadta |
|---|---|---|
| Ceaduithe GW4 Foriomlána | 3 | 1 |

### 8.1.2 Cad a tharla i gCéim 4 i rith 2024?

Is tionscadal mór é Riachtanais Toillte 110 kV an Inbhir Mhóir-an Bhaile Bhig-Charraig Mhaighin a chabhróidh le fadhbanna toillte teirmigh a mhaolú in Oirdheisceart uile na tíre. Beidh ról tábhachtach ag atreisiú sa réigiún seo chun sprioc leictreachais in-athnuaite an Rialtais do 2030 a bhaint amach.

Tá an Rogha is Fearr Feidhmíocht (BPO) sainaitheanta anois ag an tionscadal seo do shuíomh nua fhostáisiún Bhaile Beag, ailíniú bealaigh cábla gaolmhar agus réiteach líne lasnairde. Tá suíomh an BPO díreach in aice leis an bhfostáisiún atá ann cheana féin; níl gá ansin le bonneagar iarnróid agus mótarbhealaigh in aice láimhe a thrasnú. Tá sé beartaithe iarratas pleanála a dhéanamh in 2025.

### 8.1.3 Dúshláin agus Deiseanna Chéim 4

I gCéim 4, díríonn EirGrid ar shuíomh agus bealach bhonneagar an tionscadail a aithint, amhail láithreáin stáisiúin nó bealaí ciorcaid. Is minic a bhíonn dúshláin shuntasacha ag baint leis an gcéim seo, go háirithe i gceantair ina bhfuil daonra mór ann nó i gceantair atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de. Tá tionscadail a chlúdaíonn réimsí éagsúla amhail timpeallachtaí muirí agus suíomhanna uirbeacha tar éis castacht an bhonneagair treoraithe trí thimpeallachtaí chomh héagsúil sin a shonrú, áit a gcaithfear cothromaíocht chúramach a bhaint amach idir indéantacht theicniúil, infhaighteacht talún agus tionchar pobail. Is féidir moilleanna a bheith ann freisin mar gheall ar an ngá atá le measúnuithe comhshaoil mionsonraithe agus comhtháthú eolais shaineolaigh sa phróiseas pleanála.

Chun na dúshláin seo a shárú, déanann EirGrid staidéir áitiúla agus anailísí comhshaoil mionsonraithe chun roghanna suímh agus bealaigh indéanta agus freagracha a aithint. Déantar straitéisí agus deiseanna rannpháirtíochta a oiriúnú do scála gach tionscadail, ag baint úsáid as meascán d'fhóraim phoiblí, ardáin dhigiteacha, agus teagmháil spriocdhírithe chun ionchur fiúntach a bhailiú. Cinntíonn an cur chuige cuimsitheach agus sonraíbhunaithe seo go mbíonn cinntí bunaithe ar fhianaise theicniúil agus ar pheirspictíochtaí an phobail araon, rud a chabhraíonn le réitigh phraiticiúla, inbhuanaithe agus a bhfuil tacaíocht phoiblí acu a sheachadadh.

# 9. An Próiseas Sé Chéim Forbartha Eangaí: Céim 5

An próiseas pleanála

## Is é cuspóir Chéim 5 an toiliú reachtúil riachtanach a fháil do thionscadal; mura bhfuil aon toiliú reachtúil ag teastáil, déantar an cinneadh atá mar bhonn leis seo a dhoiciméadú go cuí. Áirítear leis seo ullmhú pleananna agus sonraí i leith an togra tionscadail a úsáidfear sa phróiseas toilithe reachtúil (nó chun deimhniú nó Dearbhú Forbartha Díolmhaithe a fháil i gcás nach bhfuil gá le toiliú reachtúil).

Maidir le tionscadail ina mbíonn cead pleanála ag teastáil, déanfaidh EirGrid iarratas pleanála a thaisceadh leis an údarás pleanála cuí, an Coimisiún Pleanála nó an t-údarás pleanála áitiúil. I gcásanna áirithe, féadfaidh tionscadal dearbhú inmheánach nó Dearbhú Forbartha Díolmhaithe (Dearbhú Alt 5) a fháil ón údarás pleanála, rud a chuireann deireadh leis an ngá atá le toiliú reachtúil. Bíonn gá le pleananna agus sonraí a ullmhú do thionscadail den sórt sin freisin.

Nuair a bhaintear Céim 5 amach agus nuair a thagann an riachtanas maidir le cead pleanála chun cinn, tá oibleagáid dhlíthiúil ar EirGrid sonraí an tionscadail atá beartaithe a fhoilsiú trí fhógraí poiblí i nuachtáin. Tugann na fógraí seo treoir maidir le conas is féidir leis an bpobal a n-aighneachtaí a chur i láthair an údaráis pleanála ábhartha. Chomh maith leis sin, coimeádaimid agus nuashonraímid an fhaisnéis seo ar shuíomh gréasáin EirGrid[27]

Is éard atá i gceist le críochnú na Céime seo ná cinneadh pleanála a fháil ón údarás ábhartha nó deimhniú nó dearbhú maidir le forbairt dhíolmhaithe. Nuair a bheidh an próiseas iarratais pleanála críochnaithe, déanfaidh an t-údarás pleanála ceann amháin díobh seo a leanas:

- Cead a dheonú, nó
- Cead a dheonú ar an mbonn go ndéanann EirGrid roinnt athruithe ar a iarratas, nó
- Cead a dhiúltiú.

27 https://www.eirgrid.ie/

### 9.1.1 Céim 5 - Feidhmíocht i gcomparáid leis an bPlean

In 2024, dhírigh EirGrid ar sheacht dtionscadal lena dtabhairt chun cinn trí Chéim 5, agus baineadh cúig cinn díobh sin amach, mar atá leagtha amach thíos.

Bhí fadhbanna ag dhá thionscadal agus níor éirigh leo Céim 5 a bhaint amach le linn 2024. Bhí deacrachtaí ann maidir le hathchóiriú líne 110 kV idir Cois Loinge agus Port Laoise agus toiliú úinéirí talún á fháil don iarratas pleanála, agus bhí tionchar ag moilleanna ar fháil talún ar thionscadal Athfhorbartha Stáisiún 220 kV an Inbhir Mhóir.

Léiríonn an sprioc de sheacht dtionscadal measúnú ar riachtanais shonracha tionscadail agus ar chineál Céim 5, lena n-áirítear toiliú reachtúil a fháil nó a dheimhniú nach bhfuil gá le toiliú den sórt sin. Ag brath ar raon feidhme agus suíomh tionscadail, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá iarratais phleanála a chur faoi bhráid roinnt údaráis pleanála éagsúla le haghaidh tionscadal aonair. Is féidir nach rachaidh roinnt tionscadal, amhail uasrátálacha áirithe nó oibreacha ar bhonneagar atá ann cheana féin, go follasach tríd an gcéim seo, mura bhfuil toiliú reachtúil nó dearbhú forbartha díolmhaithe ag teastáil uathu.

Tábla 6: Dul Chun Cinn Tionscadail Chéim 5

| Garsprioc | Sprioc | Seachadta |
|---|---|---|
| Ceaduithe GW5 Foriomlána | 7 | 5 |

### 9.1.2 Cad a tharla i gCéim 5 i rith 2024?

Sa bhliain 2024, cuireadh 14 iarratas pleanála isteach, agus deonaíodh cúig chead pleanála deiridh agus rinneadh 44 dearbhú Forbartha Díolmhaithe[28].

Go háirithe, cuireadh iarratas pleanála faoi bhráid an Choimisiúin Pleanála do thionscadal na Mí Thoir agus Thuaisceart Bhaile Átha Cliath i mí an Mhárta 2024, agus cuireadh freagraí ar bhreathnuithe isteach i mí Iúil 2024. D'éirigh leis an gCoimisiún Pleanála cead pleanála a fháil don tionscadal seo i mí Feabhra 2025. Cabhróidh an tionscadal seo le leictreachas a aistriú ó Oirthear Chontae na Mí go réigiún Bhaile Átha Cliath Thuaidh, rud a fhreastalóidh ar an éileamh nua atá beartaithe don chósta thoir. Leagtar amach sna codanna seo a leanas na buntáistí a bhfuiltear ag súil leo ó na tionscadail a fuair cead pleanála in 2024.

#### An Mhí Thoir - Baile Átha Cliath Thuaidh

Cabhróidh an tionscadal seo le leictreachas a aistriú go dtí oirthear na tíre agus é a dháileadh laistigh den ghréasán sa Mhí Thoir agus i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath, rud atá riachtanach chun tacú le comhtháthú fuinnimh in-athnuaite agus chun freastal ar an éileamh atá ag fás. Tá an tionscadal riachtanach chun tuilleadh forbartha ar ghiniúint fuinnimh in-athnuaite a chumasú i gcomhréir le beartas an Rialtais chun cuspóirí 2030 a bhaint amach. Neartóidh an t-uasghrádú seo

28 Cinntear forbairtí díolmhaithe trí mheasúnú seachas seachadadh spriocdhírithe.

an eangach leictreachais in oirthear na Mí agus i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath chun aistriú na cumhachta a fheabhsú trasna an ghréasáin tarchuir reatha.

### Uasrátáil Líne 110kV Chúil na Baice - Phort Laoise

Cabhróidh an tionscadal seo le toilleadh na líne 110 kV idir Cúil na Baice agus Port Laoise a mhéadú, rud atá riachtanach chun tacú le comhtháthú fuinnimh in-athnuaite agus chun daingneacht an tsoláthair sa réigiún a fheabhsú.

### Ciorcad 1 110 kV Bhaile Átha Luain - Bhéal Átha Liag

Cuirfidh an tionscadal seo feabhas ar thoilleadh an chiorcaid 110 kV idir Baile Átha Luain agus Béal Átha Liag, rud a éascóidh aistriú leictreachais agus a thacóidh le comhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite sa cheantar.

### Uasrátáil Líne 110kV Bharrach Mór - Chnoc Rátha

Méadóidh an tionscadal seo toilleadh na líne 110 kV idir Barrach Mór, an Chathair, agus Cnoc Rátha, rud atá ríthábhachtach chun tuilleadh forbartha ar ghiniúint fuinnimh in-athnuaite a chumasú agus soláthar cumhachta seasmhach a chinntiú.

### Uasrátáil Líne 220kV an Oileáin Mhóir - na gCeall

Méadóidh an tionscadal seo toilleadh na líne 220 kV idir an tOileán Mór agus na Cealla, rud atá ríthábhachtach chun comhtháthú fuinnimh in-athnuaite a éascú agus daingneacht an tsoláthair sa réigiún a fheabhsú.

## 9.1.3 Dúshláin agus Deiseanna Chéim 5

Díríonn Céim 5 ar thoiliú reachtúil a fháil do thionscadal, próiseas a d'fhéadfadh a bheith casta agus íogair ó thaobh ama de. Is minic a bhíonn moilleanna ar thionscadail mar gheall ar dhúshláin amhail talamh a fháil, toiliú úinéirí talún a fháil, agus iarratais phleanála chuimsitheacha a ullmhú. Is féidir leis na saincheisteanna seo tionchar a imirt ar amlínte tionscadal, go háirithe agus ceanglais dhlíthiúla agus nós imeachta á láimhseáil nó nuair a bhíonn freagairt á tabhairt ar iarratais ar fhaisnéis bhreise ó údaráis phleanála. Is féidir le hagóidí poiblí, achomhairc, agus imeachtaí dlí féideartha éiginnteacht a chruthú agus fad an phróisis pleanála a shíneadh freisin.

Chun na dúshláin seo a mhaolú, téann EirGrid i dteagmháil go luath le húinéirí talún agus ceapann comhairleoirí pleanála a bhfuil taithí acu chun treoir a thabhairt maidir le hullmhú agus cur isteach iarratas. Forbraítear pleananna agus sonraí mionsonraithe i gcomhréir le ceanglais reachtúla, agus eisítear fógraí poiblí chun trédhearcacht a chinntiú agus rannpháirtíocht eolasach a spreagadh. Trí chumarsáid oscailte a choinneáil le páirtithe leasmhara agus le húdaráis phleanála, agus trí rioscaí a bhaineann le talamh agus toiliú a bhainistiú go réamhghníomhach, oibríonn EirGrid chun an próiseas pleanála a cuíchóiriú agus tionscadail a choinneáil ar an mbóthar ceart.

# 10. An Próiseas Sé Chéim Forbartha Eangaí: Céim 6

Tógáil, fuinnmhiú agus comhroinnt sochar

I gCéim 6, comhaontaíonn EirGrid agus Líonraí BSL clár tógála. Tá Líonraí BSL freagrach as seachadadh na dtionscadal sin a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil agus sábháilte, lena n-áirítear gnéithe ar nós soláthair agus tógála. Déantar monatóireacht chomhpháirteach ar thionscadail agus déantar iad a fheabhsú de réir mar a théann an tionscadal ar aghaidh. Le linn Chéim 6, bíonn tionscadal á thógáil agus ag brath ar raon feidhme agus castacht, tógfaidh sé seo thart ar 1–5 bliana lena thógáil.

Is cuid ríthábhachtach iad éarthaí de sheachadadh agus fuinnmhiú tionscadail i gCéim 6. Tá éarthaí ag teastáil chun tionscadail atreisithe córais, athchóirithe agus ceangail custaiméirí a chur i gcrích. Déantar na héarthaí seo a phleanáil, a chur in ord tosaíochta, agus a sheachadadh tríd an gClár Éartha Tarchuir (TOP) ar bhonn bliantúil. Is acmhainn luachmhar agus gann iad éarthaí tarchuir, dá bhrí sin, is gníomhaíocht lárnach í pleanáil éartha seirbhíse do EirGrid, i gcomhar le Líonraí BSL. Déantar plé níos sonraí air seo i gCuid 11.

### 10.1.1 Céim 6 - Feidhmíocht i gcomparáid leis an bPlean

Is é an chéad tosaíocht i gCéim 6 ná go síneoidh EirGrid agus Líonraí BSL Comhaontú Tionscadail. In 2024, bhí EirGrid ag díriú ar dhaichead Comhaontú Tionscadail agus baineadh amach 43 díobh sin[29], rud a sháraigh sprioc 2024. Tá an sprioc seo de dhaichead Comhaontú Tionscadail bunaithe ar mheasúnú srianta ar ár bpunann.

Tábla 7: Céim 6 - Dul Chun Cinn ar an gComhaontú Tionscadail

| Garsprioc | Sprioc | Seachadta |
|---|---|---|
| Ceaduithe Thairseach 6 | 40[30] | 43 |

29 Áirítear leis sin tionscadal giniúna éigeandála sealadach amháin.
30 Leis na spriocanna a leagtar amach, léirítear spriocanna comhaontaithe gnó EirGrid don bhliain fhéilire 2024 agus ní thagann na spriocanna sin ón aighneacht AP5 chuig CRU in 2019.

## 10.1.2 Cad a tharla i gCéim 6 i rith 2024?

Sa bhliain 2024, tugadh 43 Comhaontú Tionscadail idir EirGrid agus Líonraí BSL chun críche. Is ionann iad sin agus costas tionscadail iomlán réamh-mheasta capex de €1bn le baint amach idir 2024 agus 2031. I measc na dtionscadal a bhainfidh Comhaontú Tionscadail amach tá 24 tionscadal ceangail custaiméirí, 11 tionscadal athneartaithe córais, sé thionscadal athchóirithe sócmhainní agus dhá thionscadal atreoraithe.

Áirítear sna codanna thíos achoimre ar dhul chun cinn 2024 maidir le Comhaontuithe Tionscadail arna síniú ag EirGrid agus Líonraí BSL, tionscadail a bhain amach fuinnmhiú agus nuashonrú ar thabhairt chun cinn mórthionscadail i gCéim 6. Tá tuilleadh nuashonruithe ar mhórthionscadail eile ar fáil ar shuíomh gréasáin EirGrid[31].

## 10.1.3 Feidhmíocht Fuinnmhithe i gcomparáid leis an bPlean

Don bhliain 2024, bhí 29 Fuinnmhiú mar sprioc ag an OCT agus an ÚST agus baineadh 22 amach. Is dúshlán fós iad fuinnmhithe tionscadail mar gheall ar shrianta córais agus acmhainní. Chun sin a fheabhsú, tá clár comhpháirteach um chlaochlú éartha á chur chun cinn ag an OCT agus ag an ÚST chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna bunúsacha agus chun feidhmíocht an tseachadta sa réimse seo a fheabhsú.

**Tábla 8: Próiseas Fuinnmhithe**

| Garsprioc | Sprioc | Seachadta |
|---|---|---|
| Fuinnmhithe | 29[32] | 22 |

Foilsítear an Clár Éartha Tarchuir (TOP) i mí Feabhra gach bliain. Sa bhliain 2024, seachadadh 87.9% den TOP, rud a léiríonn feidhmíocht láidir aschuir don bhliain féilire. Áirítear leis seo céatadán seachadta ex-post a chuireann moilleanna tríú páirtí san áireamh agus áirítear leis oibreacha breise a chuirtear san áireamh sa bhreis ar chlár bonnlíne TOP24. Seachadadh 73% den chlár bonnlíne TOP24 in 2024.


**Tábla 9: Céim 6 - Achoimre ar Thoradh TOP24**

| Catagóir | Seachtainí | % |
|---|---|---|
| Bonnlíne TOP24 | 810 | |
| TOP24 Curtha i gCrích | 591 | 73% |
| Coigeartuithe Iomlána | | 14.9% |
| **Feidhmíocht Toradh Deiridh TOP24** | | **87.9%** |

31 https://www.eirgrid.ie/community/projects-in-your-area
32 Leis na spriocanna a leagtar amach, léirítear spriocanna comhaontaithe gnó EirGrid don bhliain fhéilire 2024, mar a shonraítear i dTuarascáil Oibritheoir an Chórais maidir le Forbairt na hEangaí 2024 agus ní thagann siad ón aighneacht AP5 chuig CRU in 2019.

Is féidir achoimre ar an bhfeidhmíocht TOP do 2021–2024 a fháil i bhFíor 13 thíos, ina léirítear an Coigeartú Ex-Post de réir bliana chomh maith leis an Sprioc Dreasachta CRU 80% le haghaidh feidhmíocht láidir éartha.

Eisíodh TOP24 i ráithe 3 de 2023, sé mhí níos luaithe ná sna blianta roimhe sin, rud a thug níos mó ama agus cinnteachta do ÚST chun sceidealú tionscadal agus chun acmhainní a thabhairt le chéile le haghaidh sheachadadh TOP24. Tá buntáistí ag baint le clár éartha tarchuir a eisiúint níos luaithe sa phróiseas bliantúil do ÚST ach tá dúshláin shoiléire ann maidir le nósanna imeachta bainistíochta athraithe éartha tarchuir a oibriú do ÚST agus don OCT araon thar thréimhse réamhshéasúir níos faide, agus uaireanta bíonn gá le hathruithe dosheachanta a ionchorprú sa phlean in eagráin nuashonraithe. Leanann an ÚST agus an OCT de bheith ag déanamh monatóireacht ar na tionchair a bhaineann le clár tarchuir a eisiúint i Ráithe 3 den bhliain roimhe sin. Glacadh cinneadh le linn 2024 leanúint leis an gcur chuige a glacadh in 2023 agus clár éartha tarchuir TOP25 a eisiúint i ráithe 3 de 2024.




*Fíor 13: Coigeartú Ex-post ar Fheidhmíocht Éartha 2021–2024*

### 10.1.4 Tionscadail a Fuinnmhíodh agus/nó a Críochnaíodh in 2024

Sa bhliain 2024, bhí sé mar sprioc 29 tionscadal a fhuinnmhiú. Faoi dheireadh 2024, bhí 22 tionscadal fuinnmhithe a léirigh caiteachas caipitil iomlán €258m thar shaolré na dtionscadal. Cuimsíonn na tionscadail sin tionscadail Athneartaithe Eangaí atá riachtanach ar an gcóras tarchuir a fhad le giniúint in-athnuaite agus teirmeach a cheangal mar aon le stóráil ceallraí agus ualach éilimh breise mar a luadh i dTuarascáil Forbartha Eangaí an Oibreora Córais[33] a roinneadh le CRU i mí Aibreáin 2024.

Tá críochnú agus ceangal tionscadal giniúna in-athnuaite ríthábhachtach chun spriocanna phlean gníomhaithe ar son na haeráide 2030 a bhaint amach. Bhí feidhmíocht láidir in 2024 i seachadadh na dtionscadal seo, lena n-áirítear fuinnmhiú na dtionscadal giniúna in-athnuaite seo a leanas:

- Dhá Fheirm Ghaoithe a sholáthraíonn breis agus 161 MW de ghiniúint in-athnuaite,
- Dhá Fheirm Ghréine a sholáthraíonn 127 MW breise de ghiniúint in-athnuaite.

Le linn 2024, críochnaíodh dhá thionscadal teicneolaíochta nua um Chóras Stórála Fuinnimh Cadhnra (BESS) arb ionann iad agus 184 MW san iomlán. Éascaíonn teicneolaíochtaí BESS fuinneamh in-athnuaite ar an eangach toisc go dtacaíonn siad le soláthar cúlchiste córais, leorgacht cumais agus bainistíocht plódaithe. Glacann an teicneolaíocht chadhnra an fuinneamh leictreach ag am amháin lena úsáid ag tráth níos déanaí.

Fuinnmhíodh sna ceangail BESS seo a leanas in 2024:


- BESS 02 Áth Fhada (G&T BSL) - Feabhra 2024.
- Stáisiún 110 kV Choill Chomair (Céim Cadhnra 2 Chluain Críon) - Iúil 2024.

Chomh maith leis na tionscadail ghiniúna in-athnuaite agus BESS, fuinnmhíodh na tionscadail seo a leanas in 2024 freisin:

- Idirnascaire Greenlink, ag soláthar toilleadh 504 MW idir Éire agus an Ríocht Aontaithe. Féach cuid 2.4 le haghaidh tuilleadh sonraí.
- Ceithre thionscadal atreisithe córais, lena n-áirítear uasrátáil líne 220 kV, athchumrú stáisiúin 110 kV agus uasghrádú barraí bus, uasghrádú líne 110 kV, agus suiteáil STATCOM nua amháin ±100 Mvar,
- Dhá athchóiriú sócmhainne, lena n-áirítear athsholáthar scoradáin chiorcaid amháin agus athrú ciorcaid amháin,
- Tionscadal mhalairt slí amháin,
- Dhá cheangal custaiméirí éilimh ag tabhairt os cionn 48 MVA MIC san iomlán.
- Críochnaíodh cúig thionscadal TEG in 2024.

Caiteachas caipitil iomlán de **€258m** thar shaolré na dtionscadal seo

33 System-Operator-Grid-Development-Report-per-CAP-24-EL-24-05-April-TSO.pdf




*Fíor 14: Léarscáil den Chóras Tarchuir ar fud na hÉireann – Fuinnmhithe 2024*

### 10.1.5 Dúshláin agus Deiseanna Chéim 6

Is é Céim 6 an tráth ina n-aistrítear ón bpleanáil go dtí an tógáil, áit a n-oibríonn EirGrid agus Líonraí BSL le chéile chun an tionscadal a chur i gcrích ar an talamh. D'fhéadfadh dúshláin shuntasacha a bheith ag baint leis an gcéim sin, lena n-áirítear comhordú sceidil tógála casta, infhaighteacht acmhainní oilte, agus an gá atá le héarthaí criticiúla ar an gcóras tarchuir a dhaingniú agus a bhainistiú. Is féidir le moilleanna ar sholáthar, dálaí nach mbíonn súil leo ar an suíomh féin, athruithe ar chláir chustaiméirí agus na réamhthréimisí fada le haghaidh ábhar agus trealamh speisialaithe tionchar a imirt ar amlínte seachadta freisin. Chomh maith leis sin, is féidir le scála agus fad na ngníomhaíochtaí tógála dúshláin lóistíochta agus rannpháirtíochta pobail a chruthú.

Bhí easnamh de sheacht bhfuinnmhiú deiridh tionscadail beartaithe do 2024. Tá na cúiseanna casta agus ilghnéitheach ag baint leis sin. Beidh cuid mhór den obair tugtha ar aghaidh nó críochnaithe faoi 2024 ach níl an t-éaradh ná an fuinnmhiú deiridh déanta ar fad. Mar shampla, ceanglaíodh Stáisiún 110 kV Thigh Mochua go rathúil in 2024 agus tá sé in ann 70 MW de ghiniúint in-athnuaite a easpórtáil, ach tá éaradh fuinnimh deiridh fós ag teastáil chun an chuid eile de raon feidhme an tionscadail a chríochnú mar go bhfuil idirspleáchas ann le tionscadal eile agus go bhfuil sé curtha siar go dtí 2025. Ní fhéadfaí fuinnmhiú deiridh tionscadal eile a chur i gcrích ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear; coinníollacha pleanála agus soláthair, srianta ar éaradh, moilleanna de bharr custaiméirí, agus castachtaí a bhain le láithreán athfhorbraíochta.

Chun rioscaí a mhaolú agus moilleanna nach bhfuil gá leo ar fhuinnmhithe tionscadail a sheachaint, comhaontaíonn EirGrid agus Líonraí BSL clár tógála mionsonraithe agus déanann Comhaontú Tionscadail foirmiúil. Déantar monatóireacht ghéar ar thionscadail agus déantar iad a scagadh le linn a seachadta, agus fócas láidir ar chomhoibriú agus ar réiteach fadhbanna go réamhghníomhach.

Déantar pleanáil éartha a chomhordú go cúramach tríd an gClár Éartha Tarchuir chun a chinntiú go n-úsáidtear deiseanna éartha córais teoranta go héifeachtúil. Cuidíonn an cur chuige struchtúrtha agus comhoibríoch seo lena chinntiú go seachadtar tionscadail go sábháilte, go héifeachtúil agus i gcomhréir le riachtanais náisiúnta bonneagair fuinnimh.

Sa bhliain 2024, d'éascaigh an Clár Comhpháirteach um Chlaochlú Éartha (JOTP) rannpháirtíocht luath idir ÚST agus OCT ar 20 tionscadal chun infhaighteacht agus úsáid éartha a bharrfheabhsú. Leis an bpróiseas seo, a bhfuil roinnt próisis nua aistrithe isteach i ngnáthchúrsaí mar gheall air, is féidir faisnéis a mhalartú go cuimsitheach agus machnamh luath a dhéanamh ar impleachtaí éartha. Mar thoradh air sin, tugtar tionscadail tríd an bhforbairt ar dhóigh níos tapúla, rud a laghdaíonn amscálaí seachadta agus a chuireann le spriocanna maidir leis an athrú aeráide a bhaint amach. Tá próisis á bhforbairt mar chuid den JOTP freisin chun dul i ngleic le custaiméirí chun pleananna tionscadail mionsonraithe a fhorbairt agus a fhíorú chun iontráil sa TOP bliantúil a éascú go tráthúil.

# 11. Beartú Tosaíochta agus Seachadadh

**Baineann cuid mhór de sheachadadh agus de chríochnú gach tionscadail leis na héarthaí líonra tarchuir is gá chun an tógáil a chríochnú laistigh d'fhostáisiúin nó ar chiorcaid nasctha. Ní mór éarthaí a theastaíonn le haghaidh obair chothabhála a áireamh freisin.**

Tá roinnt céimeanna sa phróiseas pleanála bliantúil don éaradh, lena n-áirítear:

- Sainaithint a dhéanamh ar riachtanais éartha, lena n-áirítear seicheamh na hoibre, an t-am a bhfuiltear ag súil leis, an fad ama agus an gléasra a bheidh ag teastáil do na héarthaí sin,
- Measúnú ar ullmhacht le haghaidh éarthaí i mbliain ar leith; agus seichimh na hoibre, an t-am a bhfuiltear ag súil leis, an fad ama agus an gléasra a bheidh ag teastáil do na héarthaí sin,
- Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara lena mbaineann agus leis an Oibritheoir Córais Dáilte (OCD), nuair is iomchuí, agus,
- Tosaíocht a thabhairt d'oibreacha chun an leas is fearr is féidir a bhaint as tionscadail laistigh den chlár bliantúil éartha.

## 11.1 Cur Chuige maidir le Beartú Tosaíochta Clár

Tá seicheamhú agus seachadadh bonneagair tarchuir leictreachais an-chasta toisc go mbaineann sé le héarthaí idirghníomhacha iomadúla a ionchorprú, agus i gcás nach féidir freastal ar na hoibreacha bonneagair go léir atá beartaithe sa tréimhse a iarrtar, d'fhéadfadh go mbeadh gá le cinntí in ord tosaíochta. Tá Treoirdhoiciméad Tosaíochta EirGrid maidir le hÉaradh foilsithe ar ár suíomh gréasáin[34].

Is é cuspóir an phróisis pleanála maidir le héaradh tarchuir ná an oiread oibre a bhaineann le héaradh tarchuir is féidir a dhéanamh a uasmhéadú chun an córas a neartú, custaiméirí a cheangal agus an leibhéal cothabhála riachtanach a chinntiú don chóras tarchuir agus córas sábháilte agus slán á chinntiú ag an am céanna. Ní mór an próiseas seo a chur i gcrích i gcomhréir leis na Caighdeáin Slándála Oibriúcháin (OSS). Tá gach éaradh sceidealaithe ar an mbonn nach ndéantar sárú ar OSS mar gheall ar aon éaradh nó éarthaí iomadúla.

34 https://cms.eirgrid.ie/sites/default/files/publications/EirGrid-Outage-Prioritisation-Guidance-Document-Final.pdf

Sa chás ina mbíonn gá le tosaíocht a thabhairt d'obair, úsáideann EirGrid an treoir seo a leanas chun a chinneadh cé na hoibreacha ba cheart tosaíocht a thabhairt dóibh. Tá an treoir seo curtha le chéile ag EirGrid trí mheasúnú oibiachtúil a dhéanamh ar thosaíocht a thabhairt d'éarthaí ar bhealach comhréireach agus réasúnta agus, níos tábhachtaí fós, ar bhealach a chosnaíonn daingneacht an chórais. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le tosaíocht a thabhairt d'éarthaí, breithneoidh EirGrid a oibleagáidí ceadúnais agus reachtúla agus déanfaidh iarracht cothromaíocht a bhaint amach le riachtanais na gcustaiméirí, agus aird á tabhairt ar shaincheisteanna daingneachta an tsoláthair, an gá atá ann an córas cumhachta a athrú, spriocanna ár bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, agus gnéithe ábhartha eile. Tugtar tús áite d'oibreacha a chomhlíonann Straitéis Ghrúpa EirGrid chun an córas cumhachta a chlaochlú faoi 2030 de réir Thábla 10 thíos[35].

**Tábla 10: Beartú Tosaíochta d'Éaradh**

| | Catagóirí tionscadail / gníomhaíochta tionscadail |
|---|---|
| 1 | Oibreacha chun sábháilteacht Daoine, Gléasra, Trealaimh & Caighdeáin Slándála Oibriúcháin (OSS) a chinntiú, lena n-áirítear Cothabháil Tosaíochta. |
| 2 | Oibreacha chun giniúint inúsáidte nua níos mó ná 50 MW a cheangal, nach dtagann faoin gcatagóir thuas |
| 3 | Giniúint nua, athchóirithe, nó athneartú ginearálta tarchuir cnámh droma ar shócmhainní atá ann cheana féin, nach mbaineann leis na catagóirí thuas |
| 4 | Oibreacha le héileamh nua a cheangal |
| 5 | Eile (malairt slí etc.) |

35 Tábla mar atá in EirGrid-Outage-Prioritisation-Guidance-Document-Final.pdf – Ní catagóir shonrach tionscadail a mheastar san ordlathas tosaíochta a thuilleadh iad tionscadail ATR. Leanann sé seo teacht chun deiridh mhodheolaíocht Rochtana Daingne mar a d'iarr coiste an SEM agus an CRU i bPáipéar Cinnidh Choiste an SEM SEM-23-004.

## 11.2 Clár Claochlaithe um Éaradh Tarchuir

In 2024, rinne an OCT agus an ÚST dul chun cinn suntasach i mbainistíocht éartha chun tacú le spriocanna 2030 na hÉireann. Ba chloch mhíle thábhachtach thosaigh é eisiúint luath chlár éartha tarchuir TOP24 i ráithe 3 de 2023, sé mhí os comhair timthriallta roimhe seo, rud a chuir feabhas ar sceidealú tionscadal agus ar shlógadh acmhainní. Rinneadh an cur chuige seo a athdhéanamh go rathúil i gcás TOP25, a eisíodh ar an 21 Meán Fómhair 2024, agus meastar go leanfaidh sé ar aghaidh i gcás TOP26.

Cuireann eisiúint luath clár éartha tarchuir feabhas ar chinnteacht pleanála ach éilíonn sé bainistíocht athraithe níos láidre thar réamhshéasúr fada. Leanann OCT agus ÚST de bheith ag feabhsú an phróisis seo, agus cothromaíocht a bhaint amach idir solúbthacht le daingneacht an chórais agus éifeachtúlacht seachadta. Tá na hiarrachtaí seo mar chuid den Chlár Comhpháirteach um Chlaochlú Éartha níos leithne, lena n-áirítear tionscnaimh chomhordaithe iomadúla amhail staidéir chórais fheabhsaithe, atuar dinimiciúil, agus pacáil éartha. Agus sin ar fad tugtha le chéile, tá feabhsuithe bliain i ndiaidh bliana á seachadadh acu seo i bhfeidhmíocht éartha seirbhíse agus i dtorthaí seachadta.

Nuálaíocht shuntasach atá faoi thriail is ea an Plean Éartha Geimhridh, a shíneann an séasúr éartha traidisiúnta de 40 seachtain ar feadh deich seachtaine bhreise. Tá an tionscadal píolótach seo tar éis cur le méadú ar chríochnú oibre i dtimthriall TOP24 cheana féin agus déanfar meastóireacht fhoirmiúil air i dTuarascáil Chomhpháirteach ar Fheidhmíocht Dreasachta ÚST/OCT 2025.

Is féidir tuilleadh eolais faoi dhul chun cinn d'idirghabhálacha aonair sa Chlár Comhpháirteach um Chlaochlú Éartha le linn 2024 a fháil i dTuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht Tarchuir 2024.

## 11.3 Rannpháirtíocht Luath le Líonraí BSL, an Tionscal, & Páirtithe Leasmhara

In 2024, neartaigh EirGrid agus Líonraí BSL an comhoibriú tríd an JOTP, ag tabhairt isteach rannpháirtíocht luathchéime ar fud shaolré an tionscadail. Chumasaigh an cur chuige réamhghníomhach seo pleanáil níos eolasaí, leithdháileadh acmhainní a bharrfheabhsú, agus comhtháthú éartha feabhsaithe.

Cuireadh rannpháirtíocht luath i bhfeidhm ar 20 tionscadal: 11 críochnaithe, seacht gcinn ar siúl, agus péire á dtosú. Glacadh le próiseas caighdeánach nua freisin do thionscadail phíblíne agus tionscadail faoi stiúir custaiméirí, lena n-áirítear foirne ÚST roimh chéim thraidisiúnta na bParaiméadar Tionscadail Geallta (CPP). Thug an t-athrú seo léargais níos luaithe ar indéantacht tógála, pleanáil éartha, soláthar agus imscrúduithe láithreáin.

Áirítear ar phríomhthorthaí an tionscadail:

- **110 kV Chonnacht Thuaidh:** Laghdú ar líon na mbánna siúntála agus fad na trinseála intíre atá beartaithe, rud a chuíchóireoidh an tógáil.
- **Cill Dara-An Mhí:** Shábháil imscrúduithe luatha talún ~9 mí agus laghdaigh an tionchar comhshaoil.
- **An Mhí Thoir/Baile Átha Cliath Thuaidh:** Mar thoradh ar phlé luath ar theicneolaíocht, bhí coigilteas costais agus ama ann.
- **Fostáisiún 400kV Fhearann na Coille:** Comhdhlúthaíodh cúig thionscadal in aon cheann amháin, rud a bhrostaigh an seachadadh.
- **220 kV Belcamp:** Forbraíodh conair cábla ardvoltais atá réidh don todhchaí.

Léiríonn na torthaí seo an chaoi a bhfuil rannpháirtíocht luath ag spreagadh feabhsuithe intomhaiste in amlínte seachadta, in éifeachtúlacht costais agus i bhfeidhmíocht chomhshaoil. Leanfaidh EirGrid leis an gcur chuige seo a mhéadú de réir scála chun pleanáil agus cur i gcrích bonneagair a fheabhsú.

## 11.4 Comhlíontacht Pleanála agus Chomhshaoil

Mar a leagtar amach i gCéim 5, Cuid 9 den tuarascáil seo, téann EirGrid i gcomhairle le gach páirtí leasmhar agus le gach gníomhaireacht ábhartha sa phróiseas iarratais pleanála. Nuair a dheonaítear an ceadúnas pleanála, glacann foirne Líonraí BSL bearta dochta trí nósanna imeachta bainistíochta tionscadail chun cloí le gach coinníoll pleanála agus comhshaoil a bhaineann le forbairt an ghréasáin agus iad a chomhlíonadh go tráthúil agus go héifeachtach le linn chéimeanna réamhthógála agus tógála an tionscadail. Déantar rochtain tógála a bhainistiú i gcomhairle leis na húdaráis agus úinéirí talún ábhartha go léir i gcomhréir leis na socruithe rochtana comhaontaithe. Coinnítear an cur isteach le linn na gcéimeanna tógála ag leibhéal chomh íseal agus is féidir agus socraítear athchóiriú iomlán i gcomhréir leis na comhaontuithe rochtana agus déantar cúiteamh cothrom a shocrú trí idirbheartaíocht nuair is gá.

Maidir le tionscadail a bhaineann le custaiméirí, coinnítear cumarsáid éifeachtach trí bhealach idir EirGrid, an custaiméir agus Líonraí BSL chun a chinntiú go bhfuil amlínte an tionscadail agus na cláir mhionsonraithe ailínithe chun dátaí seachadta is fearr a chinntiú agus chun infhaighteacht agus úsáid dátaí éartha sa TOP bliantúil a chinntiú.

# 12. Oiriúnú don Athrú Aeráide

## Le linn 2024, lean EirGrid de bheith ag cur lena ghealltanais maidir leis na gníomhartha atá leagtha amach sa Phlean Oiriúnaithe don Athrú Aeráide (CCAP) a chur i gcrích, lena n-áirítear feasacht agus machnamh i bpleanáil agus i ndearadh, rioscaí agus limistéir atá leochaileach do thionchair an athraithe aeráide a aithint, agus bearta Oiriúnaithe a aithint.

Trí chur chuige ilghnéitheach, lena n-áirítear staidéir ar athléimneacht na haeráide, measúnuithe ar bhonneagar na heangaí, uasghráduithe teicneolaíochta agus comhoibriú le páirtithe leasmhara, tá na sócmhainní is leochailí i leith an athraithe aeráide sainaitheanta ag EirGrid agus tá pleananna spriocdhírithe forbartha acu chun athléimneacht a fheabhsú agus saincheisteanna féideartha maidir leis an athrú aeráide a mhaolú. Tá na tionscadail ina dhiaidh sin a sainaithníodh chun athléimneacht aeráide a fheabhsú ar siúl anois agus táthar ag súil go gcuirfear i bhfeidhm iad faoi dheireadh 2028 (faoi réir ceadú pleanála).

Tá oibreacha oiriúnaithe aeráide ar siúl faoi láthair sna fostáisiúin seo a leanas faoin scáth-thionscadal CP1300:

- Fostáisiún 110 kV Dhún Garbhán
- Fostáisiún 220 kV Choillín an Triain
- Fostáisiún 110 kV na Muiríne
- Fostáisiún 220 kV Dhroichead na Sionainne
- Fostáisiún 220 kV Thairbirt
- Líne 400 kV Bhaile Uí Dhuinn-Ghob na Muine

Rinneadh tuilleadh measúnuithe ar na sé shuíomh seo a sainaithníodh, rud a d'fhág go raibh fócas níos sainiúla ar cheithre shuíomh tosaíochta. Rinneadh meastóireacht níos mionsonraithe ar Fhostáisiún 110 kV na Muiríne agus ar líne 400 kV Bhaile Uí Dhuinn-Ghob na Muine, agus moladh réitigh mhonatóireachta bhreise don líne lasnairde 400 kV. Mar thoradh air sin, díreofar raon feidhme an tionscadail feasta go hiomlán ar oibreacha fostáisiúin. Tá EirGrid i mbun an rogha is fearr feidhmíocht (BPO) a thabhairt chun críche do na láithreáin sin go léir. Chomh maith leis sin, cuireadh tús le próiseas tairisceana le linn 2024 chun comhairleoir ceannais a cheapadh a bheidh freagrach as na dearaí innealtóireachta a fhorbairt a bheadh riachtanach chun ceadanna pleanála a fháil do na bearta oiriúnaithe atá beartaithe.

Sa bhliain 2023, chuir EirGrid tús le sraith taispeántas bóthair do shaoránaigh. Is imeacht comhroinnte idir EirGrid, Líonraí BSL agus SEAI na seónna bóthair sin. Lean na himeachtaí saor in aisce seo ar aghaidh le linn 2024, agus ba é an aidhm a bhí leo faisnéis a sholáthar maidir le conas a bhfuil sé beartaithe ag EirGrid an eangach leictreachais a ullmhú don todhchaí, conas a thacaíonn Líonraí BSL le micreaghiniúint agus scéimeanna agus tionscnaimh mionghiniúna, agus conas a riarann SEAI deontais athchóirithe agus a thacaíonn le pobail agus gnólachtaí fuinnimh inbhuanaithe araon. Áiríodh ar na himeachtaí agus réimse taispeántóirí áitiúla chun ceisteanna a fhreagairt, lena n-áirítear conraitheoirí áitiúla, tacaíochtaí pobail áitiúla agus comhairle fuinnimh. Go dtí seo, tá 23 taispeántas bóthair tarlaithe ar fud na tíre agus leanfaimid orainn ag obair leis an bpobal amach anseo.

Trí bheith i dteagmháil le DCEE, le grúpaí oibre tionscail agus trí pháirt ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt Phlean Oiriúnaithe Earnála an Leictreachais agus an Gháis, cinntítear go ndéanann EirGrid ár mbearta oiriúnaithe a ailíniú le cuspóirí náisiúnta maidir le hathrú aeráide. Éascaíonn rannpháirtíocht ar an mbealach seo malartú dea-chleachtas, saineolais theicniúil agus taighde atá ag teacht chun cinn, rud a chumasaíonn cinnteoireacht eolasach agus ailíniú ar fud na hearnála maidir le straitéisí oiriúnaithe.

Tá EirGrid ag iarraidh tuilleadh taighde a dhéanamh ar an gcóras tarchuir mar chuid den aighneacht chuig CRU le haghaidh Athbhreithniú Praghsanna 6. Féachfaidh an taighde seo ar thionchar teochtaí níos airde de dheasca an athraithe aeráide ar an gcóras tarchuir.

Tacaíonn sainaithint beart oiriúnaithe don athrú aeráide le todhchaí ísealcharbóin a éascú trína chinntiú go gcuideoidh an bonneagar atá riachtanach chun seo a sholáthar le riosca laghdaithe damáiste. Leanfaidh EirGrid de bheith ag déanamh measúnuithe den sórt sin chun coimircí a shainaithint agus a chur i bhfeidhm de réir a chéile don ghréasán agus don chóras tarchuir.

# 13. Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara agus Leas an Phobail

## Tá EirGrid agus Líonraí BSL tiomanta do rannpháirteachas le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal. Trí oibriú i gcomhar le páirtithe leasmhara, custaiméirí, an tionscal, an pobal agus pobail áitiúla, déanaimid cinntí níos fearr.

Táimid anois sa chúigiú bliain de straitéis chorparáideach 2020–25 EirGrid a seoladh i mí Mheán Fómhair 2019. Is gné bhunúsach den straitéis seo é rannpháirteachas le páirtithe leasmhara agus gach bliain leanfaimid orainn agus béim á cur ar a thábhacht trína n-idirghníomhaíochtaí leathnaithe le grúpa éagsúil páirtithe leasmhara. Ní hamháin go bhfuilimid tiomanta don rannpháirteachas a choinneáil ach modhanna nuálacha a lorg agus a ghlacadh i gcónaí a fheabhsaíonn na hidirghníomhaíochtaí seo. Is é ár n-aidhm caighdeáin den scoth a bhaint amach agus torthaí níos fearr a sheachadadh. Chun na hathruithe uaillmhianacha atá leagtha amach inár straitéis a fhíorú, aithnímid an gá atá ann ár n-iarrachtaí rannpháirteachais le páirtithe leasmhara a leathnú agus a threisiú go suntasach.

I gcaitheamh 2024, chuir EirGrid tús le caidreamh leis an bpobal ar roinnt tionscadail bhonneagair ríthábhachtacha, lena n-áirítear ár gcéad chomhairliúchán poiblí ar an tionscadal Amach ón gCósta a Chumhachtú – An Cósta Theas agus an tionscadal Athneartaithe Eangaí ó Fhine Gall go dtí an Mhí Thoir. Leanamar orainn freisin ag cur leis an rannpháirteachas i roinnt tionscadal atá ar siúl, amhail Baile Átha Cliath a Chumhachtú, áit ar sheolamar feachtas faisnéise fairsing chun sonraí a roinnt faoi na trí Rogha is Fearr Feidhmíocht (BPOnna) do bhealaí cábla ríthábhachtacha i mBaile Átha Cliath agus ár bpleananna d'fhostáisiúin Tarchuir nua i lárcheantar Bhaile Átha Cliath. Ba chlocha míle suntasacha iad na feachtais seo i dtabhairt chun cinn ár gclár tionscadal bonneagair, ag cinntiú trédhearcachta agus rannpháirtíocht fhiúntach le pobail áitiúla agus le páirtithe leasmhara.

Tá tuilleadh sonraí maidir le gníomhaíochtaí Rannpháirteachais le Páirtithe Leasmhara de EirGrid agus BSL san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht 2024.

## Cur chuige an Chaidrimh

Úsáideann EirGrid próiseas comhsheasmhach sé chéim le caidreamh leis an bpobal a iniúchadh agus cinntí a dhéanamh. Braitheann an leibhéal rannpháirteachais le páirtithe leasmhara ar an gcineál tionscadail. Bíonn réimse i bhfad níos leithne páirtithe leasmhara i gceist le mórthionscadail bhonneagair amhail Clár Bhaile Átha Cliath, Tuaisceart Chonnacht, agus tionscadail an Idirnascaire, agus bíonn líon níos mó úinéirí talún agus pobal i gceist a mbeidh tionchar ag an bhforbairt atá beartaithe orthu. Tacaíonn ár Straitéis Teagmhála Poiblí leis an gcur chuige sin[36]. Bíodh is gur féidir tionchar a bheith ag tosca rialála agus tosca seachtracha éagsúla ar an gcinnteoireacht, táimid tiomanta fós do thimpeallacht chomhoibrithe a chothú. Lorgaímid agus tacaímid go gníomhach le hiarrachtaí comhpháirteacha lenár bpáirtithe leasmhara le bheith nuálach agus réitigh a cheapadh le chéile.

### 4. Comhoibrigh

- Comhpháirtíocht a dhéanamh le heagraíochtaí pobail agus le húdaráis áitiúla
- Cistí Sochair Pobail
- Seónna Bóthair do Shaoránaigh Fuinnimh
- Nuálaithe Sóisialta Óga

### 1. Eolas

- Eolas Inrochtana
- Feachtais Feasachta Pobail
- Feachtais



### 3. Caidrimh a Bhunú

- Ceardlanna le hEarnáil na Tionsclaíochta
- Ceardlanna leis an bPobal
- Fóraim Phobail
- Fóraim Ghnó
- Fóraim Bhonneagair
- Laethanta Oscailte

### 2. Comhairle

- Comhairliúchán Foirmeálta
- Suirbhéanna
- Fócasghrúpaí
- Imeachtaí

*Fíor 15: Cur chuige an Chaidrimh le Páirtithe Leasmhara*

36 https://cms.eirgrid.ie/sites/default/files/publications/EirGrid-Public-Engagement-Strategy.pdf

I rith 2024, rinne EirGrid an méid seo a leanas:

- Idirghníomhú go réamhghníomhach le custaiméirí ionchasacha atá ag fiosrú ceangail chórais tarchuir, ag tairiscint treoir shaincheaptha maidir le toilleadh córais, roghanna ceangail, creatlacha beartais, agus an próiseas ceangail ó cheann go ceann chun tacú le cinnteoireacht eolasach.
- Cuireadh faisnéis shoiléir agus inrochtana ar fáil trí réimse bealaí, lena n-áirítear ábhair fhoilsithe, clinicí do chustaiméirí, agus imeachtaí duine le duine saincheaptha, rud a chinntíonn trédhearcacht agus éascaíocht tuisceana.
- Pointí teagmhála tiomnaithe sannta do gach custaiméir i rith an aistir ceangail, ag cinntiú cumarsáid thráthúil, nuashonruithe comhsheasmhacha, agus réiteach pras ar shaincheisteanna.
- Iarratais ceangail próiseáilte i gcomhréir le ceanglais rialála agus beartais is infheidhme, agus ardchaighdeán seirbhíse agus cuntasachta á choinneáil.
- Choinnigh teagmháil rialta le príomhchomhlachtaí tionscail, roinneadh nuashonruithe, bailíodh léargais, agus sainaithníodh agus chuathas i ngleic le dúshláin ar fud na hearnála i gcomhar lena chéile.
- Chomhoibrigh go dlúth le Líonraí BSL chun a chinntiú go seachadtar ceangail eangaí custaiméirí go héifeachtúil agus go tráthúil, agus iarrachtaí á n-ailíniú chun cuspóirí comhroinnte a bhaint amach.

Tá rannpháirteachas le páirtithe leasmhara, leis an bpobal agus úinéirí talún ina ghné thar a bheith suntasach de thionscadal an Idirnascaire Cheiltigh a chur i gcrích. Bunaíodh Ciste Leasa Pobail an Idirnascaire Cheiltigh chun aitheantas a thabhairt do thábhacht na bpobal áitiúil a éascaíonn forbairt na heangaí leictreachais agus a rachaidh chun tairbhe grúpaí agus tionscadal i gceantar Oirthear Chorcaí. I gcomhréir lenár mBeartas Leasa Pobail[37] eisíodh an chéad chéim de Chiste Leasa Pobail an Idirnascaire Cheiltigh in 2024, agus infheistíodh €838,987 i bpobail a bhfuil an bonneagar ríthábhachtach seo in Oirthear Chorcaí seo lonnaithe, agus €1,561,013 breise, a chuirfear ar fáil i rith shaolré an tionscadail.

Mar fhreagra ar an ngá méadaithe le forbairt bonneagair amach ó chósta na hÉireann, d’fhostaigh EirGrid a chéad Oifigeach Idirchaidrimh Iascaigh in 2024. Mar gheall air seo, bhí EirGrid in ann caidreamh níos forbartha a bheith againn le hiascairí, mairnéalaigh agus ionadaithe tionscail, chomh maith le rannpháirtíocht leanúnach leis na comhlachtaí seo tríd an meitheal oibre Bia Mara/Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta (ORE). Tá sé seo tar éis cumarsáid agus muinín leanúnach a éascú idir an tionscal iascaireachta agus EirGrid, agus muid ag forbairt bonneagair amach ó chósta theas na tíre.

37 cms.eirgrid.ie/sites/default/files/publications/EirGrid-Community-Benefit-Policy-Brochure June 2023.pdf

Táimid ag leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm ár sraith Seó Bóthair do Shaoránaigh Fuinnimh, i gcomhpháirtíocht le Líonraí BSL agus SEAI, agus cúig cinn de na himeachtaí seo á reáchtáil againn ar fud na tíre i rith na bliana. Chun leanúint lenár rannpháirteachas le gníomhaithe tionscail, d'óstálamar cruinnithe rialta de Chomhairle Chomhairleach TLM agus fóraim tionscail go minic chomh maith le fóraim tionscail go minic dírithe ar an treochlár. Chomh maith leis sin, thángamar ar chomhaontú comhpháirtíochta tábhachtach le Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA) agus le ESB Networks agus shíníomar Meabhrán Tuisceana don chomhoibriú.

Leanfaimid orainn ag plé le mórúsáideoirí fuinnimh. Aithníonn EirGrid gur earnáil thábhachtach í seo do gheilleagar na hÉireann agus tá sé tiomanta d'oibriú le forbróirí agus le CRU chun cabhrú le "Ráiteas ón Rialtas maidir le Ról na nIonad Sonraí i Straitéis Fiontraíochta na hÉireann," a sheachadadh. Foilsithe i mí Iúil 2022[38], tá sé mar aidhm ag an mbeartas "aistrithe dúbailte" digitithe agus dícharbónaithe ár ngeilleagair agus ár sochaí a chumasú. Bíonn cur chuige EirGrid i leith rannpháirtíochta curtha in oiriúint don tionscadal nó don tionscnamh. Úsáidtear plean rannpháirtíochta saincheaptha do gach tionscadal nó tionscnamh tábhachtach, ag sainaithint na mbealaí a úsáidfimid chun faisnéis a sholáthar do na páirtithe leasmhara. Ar na bealaí sin tá ríomhphoist chuig custaiméirí agus páirtithe leasmhara, bróisiúir agus nuashonruithe tionscadail, ábhar spriocdhírithe sna meáin shóisialta, fógraíocht sna nuachtáin áitiúla agus náisiúnta, litreacha chuig úinéirí talún agus chuig comhlachtaí reachtúla, urlabhraithe a chur ar fáil le haghaidh plé ar an raidió poiblí, línte teileafóin a sholáthar, agus seimineáir ghréasáin a reáchtáil. Maidir le tionscadail forbartha eangaí, áirítear leis freisin cur chun cinn in áiteanna poiblí agus laethanta oscailte sa cheantar áitiúil inar féidir le daoine den phobal bualadh leis na saineolaithe agus a gcuid ceisteanna a fhreagairt.

Bíonn uirlisí agus cur chuige comhairliúcháin ag athrú i gcónaí, mar a bhíonn ionchais na bpáirtithe leasmhara. Tá ár rannpháirteachas le páirtithe leasmhara dírithe ar thuiscint a fháil ar an méid a foghlaimíodh agus ar ábhair imní agus freagairt dóibh, agus béim a leagan ar thionchair agus ar dheiseanna nárbh eol dúinn roimhe seo, agus ag cinntiú go seachadfaimid an tseirbhís is fearr is féidir leis an gcur isteach is lú.

38 https://enterprise.gov.ie/en/publications/publication-files/government-statement-on-the-role-of-data-centres-in-irelands-enterprise-strategy.pdf

## 13.1 Caidreamh le hÚinéirí Talún

I rith 2024, bhí ár bhfoireann úinéirí talún ag plé go gníomhach le húinéirí talún ar fud raon leathan tionscadail bhonneagair tarchuir, idir oibreacha ar línte atá ann cheana féin agus tograí le haghaidh ciorcaid nua. Bhí ár bhfoireann ag plé le thart ar 2,200 úinéir talún i rith 2024. Maidir leis na húinéirí talún sin a bhfuil línte lasnairde acu atá sainaitheanta le haghaidh athchóiriú agus/nó uasrátála, mínímid na hoibreacha a theastaíonn, na hamchláir a bhfuiltear ag súil leo agus iarraimid rochtain chun oibreacha suirbhéireachta a dhéanamh ar na tailte chun cabhrú le bonn eolais a chur faoin oiread oibreacha atá ag teastáil.

I gcás tionscadal tógála nua, déanaimid teagmháil le húinéirí talún ionchasacha ag an gcéim is luaithe is féidir. Mar shampla, ar chiorcaid nua, áit a bhfuil roinnt roghanna féideartha molta againn, is cuid thábhachtach den bhreithniú foriomlán agus roghanna á measúnú againn rannpháirtíocht luath ó úinéirí talún agus aiseolas a fháil. Cinntíonn an cur chuige seo gur féidir an t-eolas áitiúil sonrach atá ag daoine ar an talamh agus aon srianta gaolmhara a thuiscint sula ndéantar aon chinntí eile. Bíonn an fhoireann úinéirí talún páirteach freisin i tograí a phlé le húinéirí talún maidir le riachtanais chun fostáisiúin nua a fhorbairt nó chun stáisiúin atá ann cheana a fheabhsú.

## 13.2 Fóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath

Bhunaigh EirGrid Fóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath, le Cathaoirleach neamhspleách, chun comhoibriú éifeachtach a chumasú le Líonraí BSL mar OCD, fóntais eile faoi úinéireacht an stáit, soláthraithe iompair agus údaráis áitiúla. Is é is cuspóir ag an bhFóram ná comhordú a dhéanamh ar phleanáil, ar fhorbairt, ar chur i bhfeidhm agus ar mhonatóireacht tionscadal ábhartha ar fud chlár na n-oibreacha atá ar bun chun bonneagar leictreachais ríthábhachtach i mBaile Átha Cliath agus sna ceantair máguaird a neartú. Tá na baill a leanas mar chuid dó: Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, EirGrid, Líonraí BSL, Comhairle Contae Fhine Gall, Líonraí Gáis Éireann, Iarnród Éireann, Uisce Éireann, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Bonneagar Iompair Éireann agus Uiscebhealaí Éireann.

I gcaitheamh 2024, lean EirGrid, mar chuid d'Fhóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath, ag cuardach deiseanna le haghaidh comhoibriú i measc forbróirí bonneagair eile a chabhróidh le Líonraí BSL sna céimeanna níos déanaí de Chlár Baile Átha Cliath a Chumhachtú a thabhairt i gcrích agus iad ag déanamh na hoibre tógála gaolmhaire. Bhí ár rannpháirtíocht i bhFóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath agus sna grúpaí oibre teicniúla gaolmhara tairbheach i dtéarmaí comhoibriú le hoibreoirí fóntais eile, amhail gás agus uisce, agus comhlachtaí Stáit eile, amhail BIÉ agus údaráis áitiúla ábhartha. I dtreo dheireadh na bliana, chuireamar tús le tréimhse dhian rannpháirtíochta le grúpaí pobail, scoileanna, agus daoine aonair laistigh de chriosanna rannpháirtíochta Bhaile Átha Cliath a Chumhachtú, chun léargais áitiúla a bhailiú chun na roghanna bealaigh is fearr feidhmíocht a mhúnlú don chéad bhliain airgeadais eile.

## 13.3 Comhroinnt Buntáistí

De réir mar a dhéanann EirGrid forbairt agus leathnú ar an eangach tarchuir, aithnímid na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar phobail in aice láimhe. D'fhéadfadh na héifeachtaí seo a bheith idir athruithe amhairc ar an gcomhshaol agus cur isteach sealadach i rith na tógála, chomh maith leis an ngá atá le rochtain ar thalamh chun seachadadh tionscadail a éascú. In ainneoin na ndúshlán sin, tá buntáistí suntasacha ag baint le soláthar fuinnimh iontaofa, sábháilte agus neamhdhíobhálach don chomhshaol. Is é ár dtiomantas oibriú i gcomhar le pobail agus le páirtithe leasmhara chun míchaoithiúlacht a laghdú agus buntáistí a fheabhsú. In 2024, d'infheistigh EirGrid €992,437 i ngrúpaí pobail agus in eagraíochtaí deonacha i Laois, Cill Chainnigh agus Oirthear Chorcaí, i gcomhréir le tionscadail atá ag dul chun cinn sna ceantair sin.

Tá Beartas Leasa Pobail EirGrid[39] ceaptha chun tionchar dearfach buan a fhágáil ag pobail a thacaíonn le tionscadail bhonneagair eangaí, agus comhpháirtíochtaí buana á gcothú. Tagann an polasaí seo i bhfeidhm a luaithe a fhaigheann tionscadal cead pleanála, rud a bhunaíonn scéim a léiríonn méid an tionscadail. I gcomhar leis an bhFóram Pobail, cinntímid go ndéantar an scéim a cheapadh le léargas áitiúil, ag an bpobal, ar son an phobail. Tá an straitéis bunaithe ar thrí cholún bhunúsacha: bithéagsúlacht, pobal, agus inbhuanaitheacht, agus cuirtear i bhfeidhm í i dtrí chéim í: ag tús na tógála, le linn cáblú nó sreangú, agus nuair a bheidh an tionscadal críochnaithe. Cuireann an scéim deontais ar fáil do ghrúpaí áitiúla, agus é mar aidhm aici foinsí maoinithe eile a threisiú agus iarrachtaí comhoibritheacha a chur chun cinn.

I gcaitheamh 2024, d'fhorbair an Riarthóir Ciste Neamhspleách an Straitéis Leasa Pobail do thionscadal Thuaisceart Chonnacht, i ndlúthchomhar leis an bhFóram Pobail, ag cinntiú go bhfuil na pobail a bhfuil an bonneagar seo iontu i gcroílár na bprionsabal a bhaineann le leithdháileadh an mhaoinithe seo. Tá tuilleadh faisnéise faoi bheartas agus ciste Leasa Pobail EirGrid ar fáil ar ár suíomh gréasáin.

I gcroílár éiteas EirGrid tá ár dtiomantas do rannpháirtíocht atá dírithe ar an bpobal. Déanaimid ár ndícheall cur isteach a íoslaghdú agus na buntáistí a uasmhéadú dóibh siúd a mbíonn tionchar ag ár dtionscadail orthu. Is fianaise air sin scéim an Chiste Leasa Pobail, rud a thugann cumhacht d'Fhóraim Pobail cistí a dhíriú ar thionscadail feabhsúcháin agus folláine áitiúla. Ní hamháin go dtacaíonn an tionscnamh seo le folláine fhisiciúil agus mheabhrach na gcónaitheoirí ach tugann sé deis dúinn cur go dearfach leis na pobail ina bhfuil ár n-oibríochtaí ar siúl.

39 https://cms.eirgrid.ie/sites/default/files/publications/EirGrid-Community-Benefit-Policy-Brochure%20June%202023.pdf

# 14. Aicrainmneacha

| | |
|---|---|
| ALOnna | Oifigigh Teagmhála Talmhaíochta |
| ATR | Atreisiú Tarchuir Gaolmhar |
| BESS | Córais Stórála Fuinnimh Cadhnra |
| BPO | An Rogha is Fearr Feidhmíocht |
| BPRO | An Rogha Bealaigh is Fearr Feidhmíocht |
| BSP | Bulcphointe Soláthair |
| CA | Formheas Caipitil EirGrid |
| CAPEX | Caiteachas Caipitil |
| CCAP | Plean Oiriúnaithe don Athrú Aeráide |
| CLOnna | Oifigigh Teagmhála Pobail |
| CMMS | Córas Bainistíochta Cothabhála Ríomhairithe |
| CRU | An Coimisiún um Rialáil Fóntais |
| DCEE | An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil |
| DLR | Rátáil Líne Dinimiciúla |
| OCD | Oibreoir Córais Dáilte |
| DTS | Brath Teochta Dáilte |
| FAQ | Cainníocht ar an Rochtain Dhaingean |
| GW | Tairseacha Creata Sé Chéim OCT |
| GW | Gigeavata |
| HV | Ardvoltas |
| TFC | Faisnéis, Cumarsáid agus Teicneolaíocht |
| IFA | Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann |
| PSI | Pleanáil agus Seachadadh Infheistíochta |
| JOTP | Clár Comhpháirteach um Chlaochlú Éartha |
| KM | Ciliméadar |
| kV | Cileavolta |
| MEC | Uaschumas Easpórtála |
| MIC | Uaschumas Iompórtála |
| MOU | Meabhrán Tuisceana |
| MVA | Aimpéir Meigeavolta |
| Mvar | Aimpéir Meigeavolta Frithghníomhach |
| MW | Meigeavata |
| MYDP | Clár Seachadta Ilbhliantúil |
| NDP | Punann Seachadta Gréasáin |
| OCLM | Monatóireacht ar Riocht Ar Líne |
| OSS | Caighdeáin Slándála Oibriúcháin |
| PA | Comhaontú Tionscadail |
| PFC | Rialaitheoir Sreafa Cumhachta |

| | |
|---|---|
| PR4 | Athbhreithniú Praghsanna 4 (2016 – 2020) |
| PR5 | Athbhreithniú Praghsanna 5 (2021 – 2025) |
| PR6 | Athbhreithniú Praghsanna 6 (2026 – 2030) |
| RE | Fuinneamh In-athnuaite |
| RES | Soláthar Fuinnimh In-athnuaite |
| SCFF | Féinchoimeádta Líonta le Sreabhán |
| SEAI | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| SME | Saineolaí Ábhair |
| SNA | Measúnú ar Riachtanais an Chórais |
| TLM | Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú |
| STATCOM | Cúititheoir Sioncronach Statach |
| ÚST | Úinéir na S ócmhainne Tarchuir |
| TEG | Giniúint Éigeandála Shealadach |
| TES | Cásanna Fuinnimh an Lae Amárach |
| BIÉ | Bonneagar Iompair Éireann |
| TOP | Clár Éartha Tarchuir |
| OCT | Oibritheoir Córais Tarchuir |
| TSSPS | Caighdeáin Daingneachta agus Pleanála Córais Tarchuir |

EirGrid

The Oval, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead
na Dothra, Baile Átha Cliath D04 FW28
+353 (0) 1 627 1700 | eirgrid.ie

ESB NETWORKS

Three Gateway, Bóthar an Phoirt Thoir,
Baile Átha Cliath 3, D03 R583
esbnetworks.ie